

OSPIDÉAL SAN SÉAMAS  
ST JAMES'S HOSPITAL



# Ospidéal San Séamas

## Tuarascáil Bhliantúil 2023



# Ospidéal San Séamas


Tuarascáil Bhliantúil 2023



# Clár Ábhar

|                                                                 |    |
|-----------------------------------------------------------------|----|
| Luachanna, Fís, Misean agus Uaillmhian                          | 2  |
| Achoimre ar Chúram a Soláthraíodh in 2023                       | 3  |
| Aitheasc an Chathaoirligh                                       | 4  |
| Bord Ospidéal San Séamas                                        | 7  |
| An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird      | 8  |
| An Dlí agus an Bhaincéireacht                                   | 15 |
| An Cúram Cliniciúil                                             | 16 |
| Eispéireas an Chuariteora, An Cháilíocht agus an tSábháilteacht | 22 |
| An Bonneagar agus Forbairtí an Champais                         | 26 |
| An Inbhuanaitheacht                                             | 27 |
| An tOspidéal Digiteach                                          | 28 |
| An Taighde agus an Nuálaíocht                                   | 30 |
| An Oiliúint agus an tOideachas                                  | 34 |
| An Mhuintir                                                     | 36 |
| An Fholláine agus na hEalaíona                                  | 38 |
| Na hÉachtaí agus na Gradaim                                     | 39 |
| An tAthbhreithniú Airgeadais                                    | 40 |
| Na Meáin Chumarsáide agus na hImeachtaí                         | 41 |
| Na Foilseacháin                                                 | 43 |
| Aguisín 1: Gluais Tearmaí                                       | 52 |

# Luachanna, Fís, Misean agus Uaillmhian



## Ár bhFís

Is é fís Ospidéal San Séamas campas eolaíochta sláinte acadúil den scoth (AHSC) a sholáthar, campas atá ina áit iontach le bheith mar othar ann, áit iontach le bheith ag obair ann agus áit iontach le foghlaim ann.

## Ár Misean

Is é misean Ospidéal San Séamas rochtain thráthúil a sholáthar dár n-othar ar chúram ardchaighdeán a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas cúram sláinte ar fad, ar feadh aistear iomlán an othair.

Bainfear seo amach trí chreat campais acadúil eolaíochta sláinte (AHSC) a bhunú, arna chomhdhéanamh go foirmiúil lenár bpríomhpháirtí acadúil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Mar thimpeallacht taighde agus nuálaíochta, tacóidh an AHSC le cúram dea-chleachtais d'othair agus tabharfar isteach cóireálacha nua ceannródaíocha a eascraíonn as taighde, nuálaíocht agus trialacha cliniciúla a dhéanfar ar an gcampas. Dearfar an AHSC chun luach a bhaineann le comhtháthú an mhisin thrípháirtigh de sheirbhís, oideachas, taighde agus nuálaíocht a threisiú ar mhaithe leis na hothair, leis an bhfoireann, leis an bpobal agus leis an ngeilleagar eolasbhunaithe.

## Ár nUaillmhian

Is í uaillmhian Ospidéal San Séamas a bheith ina cheannaire náisiúnta maidir le raon cuimsitheach de sheirbhísí cúraim sláinte a sholáthar chun cóireáil a chur ar an othar ó bhreith go haosacht, ar fad in aon champas lárnach amháin.

Is é ár n-uaillmhian idirnáisiúnta córas sláinte cuimsitheach den scoth a chruthú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe cúraim sláinte ainmnithe, a bheidh ina cheannaire aitheanta sa tsláinte anseo sa bhaile agus thar lear.

# Achoimre ar Chúram a Soláthraíodh in 2023

## GNÍOMHAÍOCHT GHÉARMHÍOCHANE IOMLÁN

**23,320**

Barda géarmhíochaine  
urscaoileadh othar cónaitheach

**64,539**

Cásanna lae

■ Scaoileadh othar cónaitheach  
ó bharda géarmhíochaine  
■ Cásanna lae

Cairdeolaíocht

**2,049 / 1,756**



Deirmeolaíocht

**6 / 4,360**



Cluas, srón agus scornach  
(CSS)

**367 / 248**



Máinliacht Ghinearálta

**2,519 / 4,602**



Galair ghiniúna-úráineacha  
agus ionfhabhtuithe  
(GUIDe)

**457 / 8,230**



Gínéiceolaíocht

**412 / 216**



Haemaiteolaíocht

**1,167 / 6,897**



Mascaille agus béil

**930 / 608**



Leigheas

**8,298 / 19,202**



Leigheas do Dhaoine  
Scothaosta

**1,311 / 2,521**



Oncolaíocht

**1,430 / 10,905**



Ortaipéidic

**975 / 339**



Máinliacht Phlaisteach

**777 / 1,973**



Radaiteiripe

**78 / 5**



Réamateolaíocht

**569 / 346**



Síciatracht

**3 / 3**



Máinliacht  
Cardathoracach

**924 / 37**



Úireolaíocht

**681 / 1,665**



Máinliacht Soithíoch

**367 / 626**



## SCAOILEADH OTHAR CÓNAITHEACH

Leigheas do  
na Daoine  
Scothaosta

**887**



Leigheas

**40**



Síciatracht

**237**



Máinliacht

**0**



GNÍOMHAÍOCHT  
NEAMHGHEAR IOMLÁN

**1,164**

## FREASTAL OTHAIR SHEACHTRACHA

Nua

**85,630**



RetUrn

**264,332**



- Nóta 1: Áirítear: riospráide/an inchríneolaíocht/an ghaistrentreolaíocht/an néareolaíocht/an neifreolaíocht/an imdhíoneolaíocht/an bainistiú péine/an ainéistéiseolaíocht/an leigheas ginearálta san leigheas d'othair chónaitheacha
- Nóta 2: Áirítear: riospráide/an ghaistrentreolaíocht/an néareolaíocht/an neifreolaíocht/an bainistiú péine/an ainéistéiseolaíocht/an leigheas ginearálta/an leigheas éigeandála i gcásanna lae leighis
- Nóta 3: Comhairleoir d'othair sheachtracha agus gníomhaíocht arna threorú ag altraí

# Aitheasc an Chathaoirligh



Ba bhliain dhúshlánach eile í 2023 don ospidéal ó thaobh chúrsaí oibríochtúla agus airgeadais de agus mar thoradh air sin bhí easnamh airgeadais €15.8m ag deireadh na bliana. Leanfaimid ar aghaidh i mbun teagmhála le FSS chun cúiteamh a lorg as ucht seirbhísí a sheachadadh le linn na bliana. Tháinig líon mór othar chuig ár Rannóg Éigeandála (ED), bhí méadú ar chastacht an chúraim, ganntanais altranais, agus an moratóir ar earcaíocht curtha i bhfeidhm ag FSS. D'éirigh lenár bhfoireann dul i ngleic leis na dúshláin sin, ag bainistiú 55,375 teacht i láthair san ED (glacadh isteach 15,130 astu sin), breis is 252,000 cuairt othair seachtraigh agus 87,619 glacadh othair cónaithigh. Aithníodh rochtain an othair mar ár dtosaíocht straitéiseach do 2023 agus chun tionchar na scaoilte moille ar infhaighteacht leaba a mhaolú, thugamar fuinn 140 leaba nua saintógtha i saoráid as an láthair ar Bhóthar Parnell. Scaoileadh cuid den bhrú atá ag an ospidéal leis sin, agus dá bharr is féidir linn ár líon na ndaoine ar thralaithe a choinneáil ag leibhéal inghlactha agus is féidir linn leanúint lenár n-obráidí tábhachtacha. Thacaigh FSS leis an tionscnamh fiúntach seo. Táimid ag tnúth le mol nua máinliachta a oscailt in Mount Carmel go luath in 2025, a sholáthróidh amharclanna, leapacha agus cumas diagnóiseach breise a bhfuil géarghá leo.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhá phríomhthionscadal sonraí agus teicneolaíochta, córas nua riaracháin othar agus tairseach d'othair, a mbeidh ina mbuntáiste shuntasach d'Ospidéal San Séamas amach anseo. Leanamar ag déanamh ár ndícheall barr feabhais oibriúcháin ar fud an ospidéal a bhaint amach trí roinnt príomhthionscnamh curtha i bhfeidhm; iontrálacha ar lá na hobraíde, sainbhardaí agus athruithe sna seirbhísí oinceolaíochta.

Chuireamar fáilte roimh beirt fheidhmeannach sinsearach/stiúrthóirí i mbliana. Tháinig Peter Struthers ar bord mar an Príomhoifigeach Faisnéise agus ghlac Riona Curneen an ról an Stiúrthóra

Acmhainní Daonna. Tugann siad leo neart taithí i gcórais, sa chibearshlándáil agus i ndaoine agus i gcultúr faoi seach, agus beidh ról tábhachtach acu lenár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh. Tugadh isteach conarthaí nua do chomhairleora poiblí amháin agus cuireadh fáilte roimpi ag ár gcomhlacht comhairleoirí, arna nglacadh 62% go dtí seo.

Is príomhthosaíocht é diagnóis, cóireáil agus taighde ailse don ospidéal. I bhFeabhra, lainseáladh CARTITUDE-5 ag Ospidéal San Séamas, an chéad triail chliniciúil in Éirinn le haghaidh teiripe cille chun mialóma iolrach a chóireáil. Thug an Rannóg Cógaisíochta, le tacú daonchairdis ó Fhondúireacht Ospidéal San Séamas, róbát nua ceimiteiripe; teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus atá in úsáid in ionaid ailse go hidirnáisiúnta i soláthair dáileoga teiripe sistéamaí frithailse (SACT). Is é an chéad ghléas dá leithéid a tugadh isteach in ospidéal poiblí in Éirinn nó sa RA.

Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, Paschal Donohoe, a thug cuairt ar an gcampas i Márta chun ár nAonad Cairdeolaíochta agus Ríospráide, tionscadal mear Covid-19, a d'oscail in Eanáir 2022, agus a ghlac 12 mhí le cur chun críche.

Chuireamar fáilte roimh beirt fheidhmeannach sinsearach/stiúrthóirí i mbliana. Tháinig Peter Struthers ar bord mar an Príomhoifigeach Faisnéise agus ghlac Riona Curneen an ról an Stiúrthóra Acmhainní Daonna. Tugann siad leo neart taithí i gcórais, sa chibearshlándáil agus i ndaoine agus i gcultúr faoi seach, agus beidh ról tábhachtach acu lenár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh. Tugadh isteach conarthaí nua do chomhairleora poiblí amháin agus cuireadh fáilte roimpi ag ár gcomhlacht comhairleoirí, arna nglacadh 62% go dtí seo.



Is príomhthosaíocht é diagnóis, cóireáil agus taighde ailse don ospidéal. I bhFeabhra, lainseáladh CARTITUDE-5 ag Ospidéal San Séamas, an chéad triail chliniciúil in Éirinn le haghaidh teiripe cille chun mialóma iolrach a chóireáil. Thug an Rannóg Cógaisíochta, le tacú daonchairdis ó Fhondúireacht Ospidéal San Séamas, róbát nua ceimiteiripe; teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus atá in úsáid in ionaid ailse go hidirnáisiúnta i soláthair dáileoga teiripe sistéamaí frithailse (SACT). Is é an chéad ghléas dá leithéid a tugadh isteach in ospidéal poiblí in Éirinn nó sa RA.

Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, Paschal Donohoe, a thug cuairt ar an gcampas i Márta chun ár nAonad Cairdeolaíochta agus Ríospraíde, tionscadal mear Covid-19, a d'oscail in Eanáir 2022, agus a ghlac 12 mhí le cur chun críche.

Ar Lá Idirnáisiúnta Haemaifilia in Aibreán, lainseáil an tIonad Náisiúnta Téachta ag San Séamas an Tairseach d'Othair Myindici, aip d'othair ag a bhfuil neamhoird fola acu agus ligeann an aip dóibh a dtaifid leighis a fheiceáil, cur lena dtaifid féin agus idirghníomhaíocht a dhéanamh go leictreonach lena bhfoireann leighis.

I mBealtaine 2023 fógraíodh comhpháirtíocht nua idir Chumann Ailse na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas, arna dearadh chun clár cóireála agus cúraim ailse den scoth a fhorbairt d'othair in Éirinn.

Bhí an Searmanas bronnta Ghradaim Thomas Mitchell ar siúl in mBealtaine, leis an Uasal Enda Kenny, iar-Thaoiseach, i gceannais. Tugann na Gradaim Mitchell aitheantas d'éachtaí iontacha i gcúram sláinte, taighde, agus nuálaíocht agus bronntar iad go bliantúil ar dhaoine a chuireann go mór le misean Ospidéal San Séamas.

Lainseáladh Léachtlan Davis Coakley, i gcuimhne an Ollaimh Davis Coakley, Stiúrthóir Bunaidh Institiúid Mercer um Aosú Rathúil, i mBealtaine. Ba é an tOllamh Coakley, a chailleadh i Meán Fómhair 2022 i ndiaidh breoiteachta gairide, duine de na fisiceoirí agus staraithe máinliachta is cáiliúla in Éirinn.

In Iúil bhí ceiliúradh Lá San Séamas againn leis na hothair, le cuairteoirí agus leis an bhfoireann agus ba cheiliúradh iontach na héagsúlachta agus comrádaíochta ionchuimsithí atá san ospidéal é. Gabhaimid buíochas le Irish Distillers agus Difference Days as na gairdíní nua a chruthaigh siad don ospidéal, agus ba mhór an tionchar a bhí acu ar ár n-othair in Ospidéal 5 agus ar ár bhfoireann.

Táimid buíoch do FSS as láithreán ar Shráid San Séamas a cheannach agus táimid ag tnúth lena thacaíocht in am trátha ar shaoráid phobail agus othar seachtrach chomhtháite a fhorbairt ar an láithreán sin. Tá roinnt plean bonneagair aitheanta againn chun an campas a fhorbairt agus táimid ag tnúth agus ag súil le tacú ónár gCeantar Sláinte Réigiúnach, FSS agus an Roinn Sláinte.

Lainseáladh Straitéis Altranais 2023–2026 an ospidéil i Meán Fómhair, lena leagtar amach fíis do thodhchaí an altranais ag Ospidéal San Séamas. Is obair an-suntasach é sin nuair a chuirtear san áireamh na dúshlán leanúnacha i dtaobh earcaíochta agus an fhoireann mhíochaine go léir a choinneáil. Reáchtáladh an chomhdháil foirne bhliantúil, 'Working together, learning together' i Samhain. Fuarthas an líon is mó achoimrí a cuireadh isteach go dtí seo (breis is 90). Léirigh sé sin an cultúr foghlama comhroinnte, ildisciplíní mhéadaitheach atá san ospidéal.

Ar deireadh, bhí ár nGradaim Aitheantais Foirne ar siúl i Nollaig, tugadh aitheantas do go leor foirne agus daoine aonair a sheasann do mhisean agus luachanna Ospidéal San Séamas. Leanaimid ag déanamh ár ndícheall chun Ospidéal San Séamas mar áit iontach d'othair, mar áit iontach chun oibre agus mar áit iontach chun foghlama a neartú.

Tá príomh-gharspriocanna ann nach mór dúinn a bhaint amach sna blianta romhainn chun ár n-uailmhian le bheith ina Champas Acadúil Eolaíochta Sláinte chun tosaigh. Tá an Bord agus mé féin ag tnúth le comhoibriú lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara chun an uailmhian sin a bhaint amach.

### **An tUasal Catherine Mullarkey**

An Cathaoirleach

## Campas Acadúil Eolaíochta Sláinte na Tríonóide San Séamas

### ACHOIMRE BHLIANTÚIL 2023

OSPIDÉAL SAN SÉAMAS  
ST JAMES'S HOSPITAL



Comhpháirtithe Acadúla



Trinity College Dublin  
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
The University of Dublin



Cuir i láthair  
sa Rannóg  
Éigeandála

55,375



Iontrálacha  
sa Rannóg  
Éigeandála

15,130



Othar  
seachtrach  
Freastal

252,005



Othar  
Cónaitheach/Cás  
Lae Iontrálacha

87,619

Leapacha

1,033



Foireann

5,430



Glanchaiteachas

€594m



### IS CEANNAIRÍ SINN...

#### An t-ionad náisiúnta

ailse TSJCI ainmnithe  
(Institiúid Ailse na Tríonóide San Séamas)

Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil (MISA)

An tAonad Náisiúnta Dó

An tIonad Náisiúnta um Thrasphlandú  
Smeara d'Aosaigh

An Luath Mucosal Neoplasia

An tIonad Náisiúnta Téachta

An tAonad Náisiúnta Mascaille agus Béil

An tSaotharlann tagartha TB

An tSaotharlann tagartha MRSA

An tSeirbhís Narcailéipse

An tSeirbhís Epidermolysis bullosa

An Clinic Mohs

#### For-Réigiúnach

An Chairdeolaíocht

An Mhíochaine/Galair Thógálacha

An Clinic Soithíoch

An Imdhíoneolaíocht.

#### Réigiúnach agus Áitiúil

An Chairdeolaíocht

An Leigheas Riospráide

An Inchríneolaíocht

CSS – ceann agus muineál

An Leigheas Úraiginitíúil

An Réamateolaíocht

An Clinic tóracsach

Leigheas Éigeandála

An Ortaipéidic (tráma)

An Deirmeolaíocht

An Néarolaíocht

An Neifreolaíocht

An Leigheas Ginearálta

An Mháinliacht Ghinearálta

An Úireolaíocht

An Oftailmeolaíocht

An tSiciatracht

#### Tá iad seo a leanas ar ár gCampas 60 acra

Ionad Eolaíochtaí Sláinte Choláiste  
na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Institiúid Míochaine Aistrithí Choláiste  
na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Ionad Taighde Cliniciúil Wellcome  
Trust/HRB

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann  
(IBTS)

An tIonad Oinceolaíochta Radaíochta  
Naomh Lúcais

An tIonad um Ard-Íomháu Liachta  
Leigheas Éigeandála

An tIonad Náisiúnta um Fhaisnéis  
Leigheas

Clinic Jonathan Swift

Clinic Próbháideach San Séamas

#### Sa todhchaí, beidh siad seo a leanas ar Ár gCampas

An tOspidéal Náisiúnta na Leanaí nua

Ospidéal an Choim

# Bord Ospidéal San Séamas

## Struchtúr an Bhoird

Tá Bord Ospidéal San Séamas comhdhéanta de chathaoirleach agus de dheichniúr gnáthchomhalta, agus is é an tAire Sláinte a cheapann gach duine díobh. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig go sé bliana agus is féidir iad a athcheapadh ina dhiaidh sin. Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta. Áirítear thíos an dáta ceaptha tosaigh sa Bord do gach comhalta atá ann faoi láthair.



**An tUasal Catherine Mullarkey**  
An Cathaoirleach  
Arna ceapadh 14 Bealtaine 2019



**An tUasal Brian Murray**  
Arna cheapadh 10 Márta 2014



**An tUasal Hilary Coates**  
Arna ceapadh 17 Nollaig 2019



**Ollamh Charles Normand**  
Arna cheapadh 11 Feabhra 2005



**An tOllamh Juliette Hussey**  
Arna ceapadh 27 Meán Fómhair 2019



**An tUasal Kieran Ryan**  
Arna cheapadh 17 Samhain 2022



**An tUasal Michael Gleeson**  
Arna cheapadh 18 Deireadh Fómhair 2012



**Comhairleoir Anne Feeney**  
Arna ceapadh 11 Deireadh Fómhair 2019



**An tUasal Garry Burke**  
Arna cheapadh 1 Iúil 2020



**Comhairleoir Máire Devine**  
Arna ceapadh 25 Samhain 2020



**An tUasal Lionel Alexander**  
Arna cheapadh 29 Meitheamh 2021



**An tUasal Susan Holburn**  
An tArd-Abhcóide agus Rúnai an Bhoird

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Ní mór do Bhord faoi ordú Bhord Ospidéal San Séamas (Bunú) 1971, na ráitis airgeadais a ullmhú in aghaidh gach bliain airgeadais a léiríonn staid ghnóthaí Ospidéal San Séamas agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse sin mar is ceart. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh Ospidéal San Séamas. Caithfidh an POF agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht Ospidéal San Séamas.

## Freagrachtaí an Bhoird

In ullmhú na ráiteas sin, ní mór don Bhord, faoi alt 21 d'ordú Bhord Ospidéal San Séamas (Bunú) 1971:

- ▶ polasaithe cuntasíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- ▶ aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme arna leagadh amach ag an Aire Sláinte a nochtadh agus a mhíniú, agus

- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tOspidéal San Séamas ar marthain. Tá an t-ospidéal ag brath ar mhaoiniú bliantúil leordhóthanach ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá oibriúchán leanúnach. (Leathanach 40)

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais Ospidéal San Séamas agus a chuireann an Bord ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tOrdú agus na caighdeáin chuntasaíochta arna leagadh amach ag an Aire Sláinte. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní Ospidéal San Séamas a chosaint agus mar sin as aon chéim réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord freagrach as an gComhaontú Seirbhíse 2023 leis an bhFeidhmeannacht Sláinte a cheadú; ceadaíodh é sin ar an 29 Meán Fómhair 2023.

Measann an Bord go léiríonn ráitis airgeadais Ospidéil San Séamas fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Ospidéil San Séamas ar an 31 Nollaig 2023 i gceart.

## Comhardú Inscne i mballraíocht an Bhoird

A mhéid is indéanta, déanann an tAire iarracht lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Bhoird. Don bhliain 2023, comhlíon an Bord sprioc an Rialtais ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.



Tá na Coistí seo a leanas bunaithe ag an mBord:

### An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Bhí ceathrar comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí seachtracha neamhspleácha sa choiste in 2023. Is é ról an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheistanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste sin neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca ná: Brian Murray (An Cathaoirleach), Michael Gleeson, Clr. Anne Feeney, Michael Collins, Mary O'Connor, agus Kieran Ryan (arna cheapadh 29 Meán Fómhair 2023). Bhí seacht gcrúinniú ag an gCoiste Iniúcháireacht agus Riosca in 2023.

### An Coiste Airgeadais

Bhí triúr comhaltaí den Bhord agus suas le beirt chomhaltaí neamhspleácha. Is é cuspóir an Choiste Airgeadais ná tacaíocht agus maoirseacht a sholáthar don Bhord agus don Bhainistíocht Feidhmiúcháin chun gealltanais airgeadais an ospidéil a chomhlíonadh. Tá an Coiste sin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le gnóthaí airgeadais an ospidéil, a chuimsíonn na réimsí seo; an phleanáil straitéiseach airgeadais, an bhainistíocht acmhainní, an mhonatóireacht airgeadais agus saincheistanna a bhaineann le polasaí, agus chun comhairle thráthúil a sholáthar don Bhord ar réimsí faoina shainchúram.

Ba iad comhaltaí an Choiste Airgeadais in 2023 ná: Garry Burke (an Cathaoirleach), Charles Normand, Lionel Alexander, Caroline O'Brien (arna ceapadh 26 Bealtaine 2023).

Bhunaigh an Bord Coiste um Cháilíocht, Sábháilteacht agus Riosca chomh maith.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar léan)

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta & Riosca do 2023 leagtha amach thíos. Ní cheadaítear faoin Ionstraim Reachtúil táillí a íoc do chomhaltaí an Bhoird. Cheadaítear faoin Ionstraim Reachtúil costais chuí a aisíoc. Níor éiligh aon chomhalta Boird speansais le linn 2023.



|                                  | An Bord   | An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca |
|----------------------------------|-----------|---------------------------------------|
| <b>Líon na gcruinnithe</b>       | <b>11</b> | <b>7</b>                              |
| Catherine Mullarkey              | 11        | N/B                                   |
| Brian Murray                     | 11        | 7                                     |
| An tOllamh Juliette Hussey       | 10        | N/B                                   |
| Hilary Coates                    | 11        | N/B                                   |
| Garry Burke                      | 11        | N/B                                   |
| An Comhairleoir Máire Devine     | 8         | N/B                                   |
| Kieran Ryan                      | 10        | 1                                     |
| Lionel Alexander                 | 7         | N/B                                   |
| An Comhairleoir Anne Feeney      | 9         | 4                                     |
| Michael Gleeson                  | 9         | 5                                     |
| An tOllamh Charles Normand       | 8         | N/B                                   |
| An Comhairleoir Patrick Kinsella | N/B       | N/B                                   |
| Aideen Cardiff                   | N/B       | N/B                                   |
| An tOllamh Desmond Fitzgerald    | N/B       | N/B                                   |
| An tOllamh Orla Sheils           | N/B       | N/B                                   |
| Michael Collins                  | N/B       | 2                                     |
| Mary O'Connor                    | N/B       | 7                                     |

## Athruithe príomhphearsanra

Ar an 29 Lúnasa 2022, d'fhág POF Ospidéal San Séamas an post chun dul ar iasacht dhá mhí dhéag laistigh de FSS. Ceapadh POF eatramhach ar an 29 Lúnasa 2022. Cuireadh leis an iasacht agus d'fhill an POF go hOspidéal San Séamas mar POF ar an 1 Feabhra 2024.

## Costais chomhairliúcháin

Áirítear le costais chomhairliúcháin an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe atá 'gnó mar is gnách'.

|                                                                                               | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|
| Comhairle dlí                                                                                 | 130           | 247           |
| Seirbhísí a bhaineann le foirgníocht                                                          | 87            | 36            |
| Caidreamh poiblí/margaíocht                                                                   | 185           | 169           |
| Eile                                                                                          | 573           | 368           |
| <b>Iomlán na gCostas Comhairliúcháin</b>                                                      | <b>975</b>    | <b>820</b>    |
| Costais chomhairleoireachta caipitlithe                                                       | 87            | 358           |
| Costais chomhairliúcháin arna ngearradh ar an gcuntas ioncaim neamhchaipitil agus caiteachais | 888           | 462           |
| <b>Iomlán</b>                                                                                 | <b>975</b>    | <b>820</b>    |

## Costais Dlí agus Socraíochtaí

Ní raibh aon chás dlíthiúil thar €50,000 ann in 2023 ag a raibh nochtadh de dhíth uaidh.

## Príomhphearsanra Bainistíochta

Is ionann an phríomhbhainistíocht agus an Bord, an POF agus an bhainistíocht shinsearach a tuairiscíonn go díreach leis an POF, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Oibriúcháin agus cúigear pearsanra bainistíochta dhéag atá ag leibhéal an Stiúrthóra. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

|                                                       | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|-------------------------------------------------------|---------------|---------------|
| Tuarastal                                             | 2,514         | 2,253         |
| Íocaíocht foirceanta (Nóta 8 den Ráiteas Airgeadais)* | 179           | -             |
| <b>Iomlán</b>                                         | <b>2,693</b>  | <b>2,253</b>  |

Ní fholáionn sé seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse sin. Is baill de Scéim Aoislúntais Údaráis Áitiúil nó Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair iad an príomhphearsanra bainistíochta agus ní théann a dteidlíochtaí chuige sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláirí seirbhíse poiblí.

\* D'íoc an t-ospidéal costais dlí bhreise de €6k (2022: Náid) a bhain le comhaontú foirceanta ag teacht chun críche.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar léan)

### Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

|                       | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|-----------------------|---------------|---------------|
| Fáilteachais foirne   | 55            | 67            |
| Fáilteachas an Bhoird | 2             | -             |
| <b>Iomlán</b>         | <b>57</b>     | <b>67</b>     |

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar a leanas:

|                      | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|----------------------|---------------|---------------|
| <b>Intíre</b>        |               |               |
| An Bord              | -             | -             |
| Fostaithe*           | 877           | 644           |
| <b>Idirnáisiúnta</b> |               |               |
| An Bord              | -             | -             |
| Fostaithe*           | 108           | 61            |
| <b>Iomlán</b>        | <b>985</b>    | <b>705</b>    |

\* Tabhair faoi deara go mbaineann an caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaítear le méideanna a íoctar go díreach leis an mball foirne agus le híocaíochtaí a dhéantar i ndáil le costais dheimhnithe taistil agus cothaithe don fhostaí.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí Ospidéal San Séamas i lánchomhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2023, seachas na míreanna a liostaíodh sa Ráiteas faoin Rialú Inmheánach.

## Gnóthas Leantach

Tá an t-ospidéal maoinithe trí leithdháileadh ioncaim bliantúil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Mar thoradh ar an easnamh €16.1m le haghaidh 2023 tá glan-sócmhainní reatha €0.4m agus easnamh carntha ar chuntas ioncaim neamhchaipitil agus caiteachais an ospidéil de €15.8m ar an 31 Nollaig 2023. Tá leithdháileadh ioncaim tosaigh an ospidéil ó FSS agus an teorainn airgeadais sannta ina dhiaidh sin le haghaidh 2024 níos lú go mór ón olltoradh réamh-mheasta 2024. Tá an tsaoráid rótharraingthe baineann údaraithe ag FSS agus úsáidtear í le linn na bliana.

Tá an t-ospidéal fós ag brath ar mhaoiniú bliantúil leordhóthanach ó FSS chun é a chumasú chun leanúint le seirbhísí a chur ar fáil. Léiríonn na coinníollacha sin go bhfuil ábhar éiginnteachta ann maidir leis na himeachtaí nó leis na coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an ospidéil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Leanann an t-ospidéal ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach le FSS agus leis an Aire Sláinte maidir leis an teorainn airgeadais le haghaidh 2024, an t-easnamh carntha agus an riosca gnóthais leantaigh a bhaineann leis sin.



# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar léan)

## Baill an Ghrúpa Bainistíochta Feidhmiúcháin 2023

### An tUasal Mary Day

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
(ar iasacht chuig FSS)

### An tUasal Noel Gorman

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

### An tUasal Aisling Collins

An Príomhoifigeach Oibriúcháin Eatramhach

### An tOllamh Declan Byrne

An Stiúrthóir Leighis Feidhmiúcháin

### An tUasal Sharon Slattery

Stiúrthóir Altranais

### An tOllamh Caroline Daly

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht Leighis  
agus Éigeandála

### An tUasal Vincent Young

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht  
Máinliachta, Ainéistéise agus Cúraim Chriticiúil

### An Dr John Cooney

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht  
Haemaiteolaíochta, Oinceolaíochta agus Cúraim  
Maolaithigh

### An tOllamh Conal Cunningham

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht um  
Leigheas do Dhaoine Scothaosta (atá ag dul  
as oifig, Iúil 2023)

### An tOllamh David Robinson

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht um  
Leigheas do Dhaoine Scothaosta (nuathofa,  
Iúil 2023)

### An tOllamh Peter Beddy

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht  
Íomháithe Diagnóisigh

### An Dr Niamh Leonard

An Stiúrthóir Cliniciúil, An Stiúrthóireacht um  
Leigheas Saotharlainne

### An Dr Barry White

An Stiúrthóir Cliniciúil, Straitéis agus Pleanáil

### An tUasal Alison Enright

Stiúrthóir SCOPE Gairmithe Sláinte agus  
Cúraim Sóisialta

### An tUasal Gail Melanophy

An Príomhchógaiseoir

### An Dr Geraldine O'Reilly

An Príomhfhisiceoir

### An tUasal Eileen O Connor

An Stiúrthóir Airgeadais Eatramach  
(go dtí Lúnasa 2023)

### An tUasal Joanna Bennett

An Stiúrthóir Airgeadais

### An tUasal Aidan Turley

An Stiúrthóir um Bainistiú Saoráidí

### An tUasal Niall Mc Elwee

An Stiúrthóir Tionscadal Caipitil

### An Dr Una Geary

An Stiúrthóir um Cháilíocht, Sábháilteacht  
agus Feabhsúchán (QSID)

### An tUasal Fiona Keogan

An Stiúrthóir Bunathraithe chun Feabhais Lean

### An tUasal John Lahart

An Stiúrthóir Dlí agus Ard-Abhchóide

### An tUasal Peter Struthers

An Stiúrthóir Faisnéisíochta  
(nuacheaptha, Bealtaine 2023)

### An tUasal Fiona Curneen

An Stiúrthóir Acmhainní Daonna  
(nuacheaptha, Meán Fómhair 2023)

# Cúrsaí Dlí agus Baincéireachta

## Baincéirí

### Banc na hÉireann

40 Bóthar Mespil

Baile Átha Cliath 4

## An tIníúcháir

### An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

## Dlíodóirí

### A&L Goodbody Solicitors

3 Dublin Landings

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

## Bróicéir Árachais

### AON Insurance

Foirgneamh Cathrach

Sráid James Joyce

Muinseo

Baile Átha Cliath 1



# Cúram Cliniciúil

Tá an líon is mó speisialtachaí cliniúla, fospeialtais agus seirbhísí náisiúnta ag Ospidéal San Séamas sa chóras ospidéil ghéarmhíochaine in Éirinn. In 2023, lean an t-ospidéal ar aghaidh ag forbairt agus ag comhtháthú a sheirbhísí cliniúla chun freastal ar riachtanais an phobail agus an daonra.



## Cothóidh na milliúin d'Infheistíocht Cúram Ailse Den Scoth in Éirinn


I mBealtaine, chuaigh Cumann Ailse na hÉireann (ICS) i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Ailse na Tríonóide is San Séamas (TSJCI) chun clár cóireála agus cúraim ailse den scoth a fhorbairt d'othair in Éirinn. Faoin gcomhoibriú cúig bliana sin infheistíodh an ISC €4.5 milliún i roinnt clár eiseamláire ar leith atá dírithe ar mhúnla nua cúraim ailse a chur ar fáil. Déanfaidh an chomhpháirtíocht seirbhísí an ISC a chomhtháthú i gconaire an ospidéil, ag feabhsú eispéireas an othair trí chomhoibriú feabhsaithe le hothair i réimsí taighde, trialacha cliniúla, cúraim agus oideachais.

Sa Phictiúr ó Chlé go Deas: An tUasal Averil Power, CEO, Cumann Ailse na hÉireann, an Dr Linda Doyle, an Propast, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an tOllamh John Kennedy, an Stiúrthóir Míochaine, TSJCI, an tOllamh Maeve Lowery, an Stiúrthóir Acadúil, TSJCI, an tUasal Noel Gorman, CEO Eatramach, Ospidéal San Séamas




## Seirbhísí Cógaisíochta

D'fhan leibhéal gníomhaíochta na Rannóige Cógaisíochta ard in 2023



Beagnach **1 milliún** pacáiste ceannaithe (€117m)



Rinne an tAonad Meascáin Aiseipteach breis agus **30,000** táirge a mhonarú agus a phróiseáil



Chuir Seirbhísí Cógaisíochta Cliniciúla breis agus **12,000**

réiteach cógais i gcrích, le 66% laistigh de 72 uair an chloig ón iontráil agus 82% laistigh de 72 uair an chloig chuig an Aonad Géarmheasúnaithe Leighis.



Chuir an fhoireann Bainistíochta Cógais

**380,900**

Idirbheart i gcrích



Mhéadaigh foireann Chógaslann HOPE leibhéal táirgthe NCIS ó **74% → 92%**



## Róbat Cumaisc a thabhairt isteach san Aonad Cumaisc Aiseiptigh

Forbraíodh róbat cumaisc le teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn le cúig go deich mbliana anuas, agus glacadh go leor acu in ionaid ailse go hidirnáisiúnta i soláthair dáileoga teiripe sistéamaí frithailse (SACT). Meastar go bhfuil sé níos sábháilte nuair a úsáidtear róbat cumaisc chun na drugaí sin a phróiseáil, agus seachnaítear gortú straidhneála i bhfoireann na cógaslanna trí laghdú ar aistarraingtí de láimh agus tuaslagáin a chur le táirgí dáileoga deiridh.

Le tacaíocht ó iarrachtaí daonchairdiúla Fhondúireacht Ospidéal San Séamas, bailíodh cistí chun soláthar Róbat Oinceolaíochta Grifols KIRO a chumasú. Suiteáladh an róbat san Aonad Cumaisc Aiseiptigh in Iúil 2023. Is é an chéad ghléas dá leithéid le bheith tugtha isteach in ospidéal poiblí in Éirinn nó sa RA agus i ndiaidh sraithe tástála, lainseálfar é in 2024.

## An Chéad Altra Maoirseachta Frithmhiocróbacha in Éirinn

In 2023, rinneadh an chéad Cheannasaí Altra Maoirseachta Frithmhiocróbacha (AMS) in Éirinn de Carolyn O'Reilly. Is ról ceannaireachta é sin atá ríthábhachtach do rath fhoireann an AMS ar bhonn an ospidéil, agus cuirtear le taithí i ndlínsí eile ina bhfuil sé ann go forleathan, amhail an NHS. Nascann an ceannasaí altra AMS an fhoireann AMS le foireann altranais cliniciúil ar na bardaí agus leagann an ceannasaí béim ar an AMS a chomhtháthú i gcleachtadh cliniciúil laethúil chun úsáid fhreagrach frithbheathaigh a chur chun cinn agus chun cosc a chur ar leathnú na frithsheasmhachta frithbheathaigh.

## An tÍomháú Diagnóiseach


Lean an t-éileamh ar sheirbhísí íomháiithe diagnóisigh ag méadú in 2023, go háirithe scanadh tomagrafaíoch ríomhairithe (CT), íomháú athshondais mhaighnéadaigh (MRI), ultrafhuaim, mamagrafaíocht agus tomagrafaíocht astúchán posatrón–tomagrafaíoch ríomhairithe (PET/CT).

Mhéadaigh gníomhaíocht fhoirmiúil na roinne 5% i gcomparáid le 2022:

- ▶ Méhadaigh an ghníomhaíocht Raideolaíochta Idirghabhálaí (IR) 17%, mar thoradh, don mhórchuid, ar athchur trealamh IR in 2022.
- ▶ Méhadaigh an ghníomhaíocht MRI 21% in 2023, don bhformhór de bharr na seirbhísí MRI deireadh seachtaine a tugadh isteach. Laghdaigh an acmhainneacht bhreise seo amanna feithimh d'othair chónaitheacha, rud a thacaíonn le scaoileadh níos luaithe d'othair.



Sa phictiúr: Carolyn O'Reilly, Ceannaire Altra AMS

|                                                                                                                                                    |                                                    |                                                     |                                        |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------|-----------------------------------------------------|----------------------------------------|
| <b>Gníomhaíocht Íomháu</b><br><b>Diagnóiseach</b><br><b>2023</b>  | <b>Raideolaíocht Ghinearálta</b><br><b>104,300</b> | <b>Ultrafhuaím</b><br><b>27,600</b>                 | <b>MRI</b><br><b>14,400</b>            |
|                                                                                                                                                    | <b>Mamagrafaíocht</b><br><b>10,200</b>             | <b>CT</b><br><b>36,100</b>                          | <b>PET/CT</b><br><b>3,400</b>          |
|                                                                                                                                                    | <b>Gastraenterolaíocht (GI)</b><br><b>770</b>      | <b>Raideolaíocht Idirghabhálach</b><br><b>2,500</b> | <b>Cógas Núicléach</b><br><b>2,300</b> |

In 2023, thug an roinn isteach tionscnamh nua d'othair chónaitheacha oiriúnacha chun iad a scaoileadh agus iad a bhainistiú mar othair sheachtracha, le conair scaoilte thiomnaithe le haghaidh íomháithe diagnóisí. Chumasaigh an tionscnamh seo scaoileadh níos luaithe agus am feithimh laghdaithe d'othair chónaitheacha ar shainíomháu.

### An tIonad um Leigheas Saotharlainne agus na Paiteolaíochta Móilíní

San Ionad um Leigheas Saotharlainne agus na Paiteolaíochta Móilíní tástáil eiseamail othar arna n-atreorú ag ár gcliniceoirí ospidéal (othair chónaitheacha), GP/comhpháirtithe pobail agus comhpháirtithe ospidéal seachtracha.

In 2023, rinneadh beagán faoi bhun 12.34m tástáil in Ionad um Leigheas Saotharlainne agus na Paiteolaíochta Móilíní an ospidéal.

I gcomparáid le 2022:

- ▶ Mhéadaigh tástáil othar an ospidéal le breis is 527,000 tástáil (7.4%) i gcomparáid le 2022
- ▶ In 2023 mhéadaigh tástáil othar GP agus pobail 9%, agus rinneadh breis is 420,000 tástáil sa bhreis.
- ▶ Mhéadaigh atreoruithe ospidéal seachtraigh 21% (595,700 tástáil in 2023)

### An tSeirbhís Chorráncheallach Othar Haemaglóibineapaite

Lean na Saotharlanna Haemaiteolaíochta agus Fuilaistrithe ag tacú leis an tSeirbhís Haemaglóibineapaite d'Aosaigh ag San Séamas trí sholáthair diagnóis othair agus táirgí fola a eisiúint d'othair atá i mbun aistrithe ón tseirbhís phéidiatrach ag Sláinte Leanaí Éireann (CHI) ag Cromghlinn.

In 2023, eisíodh breis is 13,000 comhábhar cille deirge d'othair haemaglóibineapaite (méadú 7% ó 2022) agus breis is 5,000 comhábhar pláitín (méadú 15% ó 2022), mar aon le plasmatháirgí (n=1,747).

### An tSaoráid Saotharlanna Gascheall Micribhitheolaíochta

Déanann an tSaoráid Saotharlanna Gascheall Críobhitheolaíochta ag Naomh Séamas gaschealla a bhailiú, a phróiseáil agus a chaomhnú trí reo criógineach le haghaidh trasphlandú. In 2023, rinneadh éacht de 100 trasphlandú allataigineacha (62 ó dheontóirí neamhghaolmhara) agus 97 trasphlandú uathlógacha.

In 2023, fuair an tSaoráid Saotharlanna Gascheall Críobhitheolaíochta, cuid den Chlár Náisiúnta CAR-T d'Aosaigh, údarú chun gaschealla a bhailiú ar mhaithe le táirgeadh agus an táirge géinmhodhnaithe CAR-T a ghlacadh, a stóráil agus a insileadh mar chuid den triail CARTITUDE-5 Janssen. Bhí méadú 65% i mbailiúcháin (46 othar) agus bhí méadú 40% in insileadh CAR-T (31 othar) i gcomparáid le 2022.



## An tSeirbhís Histeapaiteolaíochta

Tacaíonn an tSeirbhís Histeapaiteolaíochta le sainréimsí éagsúla, lena n-áirítear an phaiteolaíocht chinn is muiníl, an deirmeolaíocht, an cúram cíche agus an ghaistreintreolaíocht/ an t-ionscópacht. In 2023, mhéadaigh an ghníomhaíocht histeapaiteolaíochta agus cíteolaíochta, tugadh tacaíocht do chlinicí liachta agus clinicí a bhaineann le hailse chun dul i ngleic le moilleanna an liosta feithimh.

In 2023, chuir an tSaotharlann Histeapaiteolaíochta tús le hathchóiriú 'an tseomra diosctha' chun an spás oibre a mhéadú le haghaidh ualach oibre méadaitheach. Tugadh isteach ardtástálacha nua, lena bhfeabhsaítear an raon tástálacha atá ar fáil d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse.

## An tSaotharlann um Chataitéarú Cairdiach

Ceadaíodh maoiniú le haghaidh an tríú Saotharlann um Chataitéarú Cairdiach (Cath Lab) in 2023, agus meastar go gcuirfear tús leis an bhfoirgníocht go luath in 2024. Cuirfidh an maoiniú rithábachtach seo go mór le rochtain agus le seachadadh cúraim d'othair.

## An tSeirbhís Inchríneolaíochta

Fuair an tSeirbhís Inchríneolaíochta maoiniú chun a líonta foirne a mhéadú, rud a chur go suntasach le rochtain an othair. Leanfaidh na hoibreacha athchumraíochta ceadaithe ar aghaidh in 2024 chun spás clínicíúil sa bhreis a chruthú le haghaidh coinní othar.

## An tSeirbhís um Ghalar Parkinson agus Neamhord Gaolmhar

Is comhoibriú idir an Stiúrtóireacht um Leigheas do Dhaoine Scothaosta (MedEI) agus seirbhísí néareolaíochta agus síciatrachta an

ospidéal í an tSeirbhís um Ghalar Parkinson agus Neamhord Gaolmhar, faoi cheannas na nOllamh Conal Cunningham agus David Bradley. Freastalaíonn breis is 400 othar ar an tseirbhís ag a bhfuil neamhoird ghluaiseachta acu, le breis is 1,000 freastal othair in 2023.

In 2023 bhí leathnú ar an bhfoireann Altranais, le ceapachán iarrthóra altra ardhleachtóra (cANP). Tacaíodh le ranganna ceoil agus gluaiseachta d'othair ag maoiniú a fuarthas ón gClár Ealaíona agus Sláinte RENEW, tionscnamh rathúil atá chun leanúint ar aghaidh.

## An tAonad Titimí agus Sioncóipé

In 2023, bunaíodh cruinniú ildisciplíneach míosúil idir an Aonad Titimí agus Sioncóipé (FASU), an Rannóg Cairdeolaíochta, agus an Clinic CRY (Baol Cairdiach do Dhaoine Óga) ag Ospidéal Ollscoile Thamhlachta (TUH) chun rochtain othar a fheabhsú agus chun traschomhoibriú le chéile chun líon na n-atreoruithe idir sheirbhísí a laghdú. Anuas air sin, rinne tuilleadh forbartha ar tras-speisialtacht San Séamas 'Cruinniú Páirtithe Leasmhara ar Mheadhrán', lena dtugtar le chéile rannóga éagsúla chun feasacht a mhúcaill, oideachas a chur ar fáil, agus conairí d'othair a thagann isteach leis an meadhrán a chuíchóiriú.

## An tSeirbhís Sláinte Cnámh agus Oistéapóróise

Tá an fhoireann Chnámhshláinte agus Oistéapóróise faoi threoir Chomhairleoirí Geiriatraithe, an Dr Rosaleen Lannon agus an Dr Kevin Mc Carroll agus tá triúr CNSanna ar choibhéis lánaimseartha (WTE) agus altra ardhleachtóra (ANP) amháin sa tseirbhís. Bhí breis is 7,500 freastal othair chuig an tseirbhís seo in 2023. Ceapadh cANP Idirchaidrimh Briste tiomanta chun measúnuithe cnámhshláinte a chuíchóiriú d'othair atá ag freastail le bristí géara/leochaileachta nach bristí cromáin iad.



Sa phictiúr: Baill de fhoirne na Roinne Sláinte agus Éigeandála in Ospidéal San Séamas

## Forbairt ar Chlinic Sainchuimhne Réigiúnach

Lean an Clinic Cuimhne ag cur seirbhís ghnóthach chliniciúil agus taighde ar fáil in 2023, ag cur measúnuithe ildisciplíneacha ar chásanna casta cognaíocha. Ligeadh do phríomhearcaíochtaí cliniúla de bharr maoiniú sa bhreis mar chuid den Chlár Náisiúnta Um Speisialtóirí. In Aibreán, lainseáil an cANP, faoi stiúir an Ollaimh Siobhan Hutchinson, a chéad pholladh lumbach faoi cheannas altra in ionaid chuimhne go náisiúnta, agus rinne breis is 60 gnáthamh. Léirigh iniúchadh a mhair seacht mí laghdú in amanna feithimh ar pholladh lumbach ó 25 seachtain go trí seachtaine.

## An tionscnamh píolótach Nalox-Home

Chun an Lá Idirnáisiúnta Feasachta ar Ródháileog a aithint i Lúnasa 2023, thug an tSeirbhís Sláinte Chuimsitheach agus an Roinn Éigeandála (ED) ag Ospidéal San Séamas, i gcomhoibriú le hOifig Náisiúnta um Ionchuimsiú Sóisialta FSS, isteach tionscnamh píolótach arna dheardh chun saolta a shábháil agus chun laghdú ar dhíobháil i measc daoine a úsáideann drugaí a chur chun cinn. Tugann an tionscnamh, ar a dtugtar *Nalox-Home*, pacáistí Naloxone saor in aisce d'othair a fhreastalaíonn ar ár ED agus ag a bhfuil taithí acu ar ródháileog ópoidí nó atá i mbaol ródháileoige ópoidí.

Áirítear in *Nalox-Home* gearr-idirghabháil faoi fheasacht ar ródháileog a tugadh d'othair atá i mbaol ródháileoga ópoidí, nuair a scaoiltear iad ón ED nó i ndiaidh iontrála othair cónaithigh. Go lárnach sa tionscadal tá an t-oideas agus soláthar naloxone le tabhairt abhaile, cógas a

chúlaíonn éifeachtaí ópoidigh go sealadach, rud a thugann líne tharrthála do dhaoine agus iad ag feitheamh ar chúnamh leighis.

Roimhe seo bhí Naloxone so-aimsithe in Éirinn trí sheirbhísí laghdaithe díobhála agus seirbhísí um malartú steallairí, ionaid cóireála druga agus d'fhoireann i seirbhísí lóistín éigeandála do dhaoine gan dídean chun idirghabháil a dhéanamh i gcás ródháileoga ópoidí amhrasta. Cé go mbíonn seirbhísí pobail ag plé go gníomhach agus go ceannasach le daoine a úsáideann drugaí agus lena dteaghlaigh maidir le Naloxone agus conas é a úsáid, is beag eolais atá ann faoina sho-aimsitheacht agus conas rochtain a fháil air laistigh den ospidéal.

Táthar ag súil go bhfeabhsóidh an píolót seo an caidreamh idir fhoireann an ospidéil agus na hothair, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go bhfillfeadh na hothair ar son cúraim seiceála, agus dá réir sin, feabhas a chur ar a dtorthaí sláinte foriomlána.

**"Tabhair faoi deara go mbaineann an caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaítear le méideanna a íoctar go díreach leis an mball foirne agus le híocaíochtaí a dhéantar i ndáil le costais dheimhnithe taistil agus chothaithe don fhostaí."**

**Jess Sears**

Altraspeisialtóir Cliniciúil um Shláinte Ionchuimsitheach

## An tIonad Lae Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta

Tugann an tIonad Lae Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta (HODC) raon cúraim ar fáil d'othair ag a bhfuil ailse acu, lena n-áirítear; athbhreithniú míochaine agus altranaís, tástálacha fola, gnáthaimh, cóireálacha sistémacha frithailse (SACT), mar aon le cóireálacha tacúla amhail trasphlanduithe fola agus pláitín, agus sreabháin infhéitheacha.

In 2023, chuir an fhoireann HODC tús le tionscadal feabhsúcháin leanúnaigh, chun teacht le straitéis an ospidéal, chun eispéireas an othair agus na foirne san HODC a fheabhsú. Cuireadh grúpa ildisciplíneach stiúrtha ar bun agus arna áisiú ag an bhfoireann Bhunathraithe chun Feabhais Lean agus cuireadh i gcrích anailís srutha luacha ar an bpróiseas othar. Mar thoradh air sin, d'aistrigh an tseirbhís HODC go múnla cúraim dhá lá do thromlach na n-othar, ag teacht le teoracha an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP).

Rinneadh na príomhfheabhsuithe sna réimse seo a leanas:

- ▶ Spás agus sceidealú sa bhreis don chlinic
- ▶ Comhoibriú leis na Seirbhísí Saotharlainne agus Fleibeatóime
- ▶ Eispéireas an Othair
- ▶ Comhtháthú na Teicneolaíochta
- ▶ Teiripe Shistéamach Frithailse a sheachfhoinsiú go Cúram Baile TCP.

## Na Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta

In 2023, rinneadh forbairtí suntasacha laistigh de na seirbhísí cúraim práinne agus éigeandála sna gairmeacha sláinte agus cúraim sóisialta (HSCPanna). Tugadh isteach an fhoireann Ghéarmhíochaine HSCP chun conair ghéar leochaileach a sheachadadh, agus ba phríomhchéim é sin. Anuas air sin, i ndiaidh céime tástála rathúla, cuireadh an 'Chonair Téarnaimh Ghníomhaigh' i bhfeidhm go buan. Éascaíonn an for-rochtain conaire téarnaimh scaoilte níos luaithe agus cinntítear go bhfaigheann othair tacaíocht athshlánaithe i ndiaidh dóibh an t-ospidéal a fhágáil.

Bhí feabhsuithe suntasacha ar na seirbhísí ailse chomh maith le linn 2023. Leathnaíodh an tseirbhís um beathú eintreach sa bhaile d'othair ag a bhfuil riachtanais chasta acu agus iad ag fáil cóireála maolaithí san HODC. Mar aon leis sin, leathnaigh an fhoireann SLT (Teiripe Urlabhra

agus Teanga) Cinn agus Muiníl Oinceolaíochta, lena méadaíodh rochtain ar shainchúram d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha.

Cuireadh an bainistiú galar ainsealach chun tosaigh chomh maith le hearcaíocht diatéiteach diaibéitis faoin mhaoiniú Rochtain ar Chúram, a leathnaigh an tSeirbhís diaibéitis cineál-2 diatéitigh as a d'fhás an Clinic um Chothú Spóirt i nDiaibéiteas Cineál 1 arna threorú ag diatéitigh.

## Forbairtí seirbhíse HSCP eile

Lainseáladh an Clinic Comhtháite Láimhe agus Rosta (iHAWc) idir Ospidéal San Séamas agus líonraí cúraim phríomha i mBaile Átha Cliath Thiar Theas agus leathnaíodh an MDT Réamaiteolaíochta ina a bhfuil speisialtóir cliniciúil le teiripe shaothair. Bhí coinnithe nua urlabhra agus teanga sa chúram criticiúil agus sa chúram stróc, agus rochtain feabhsaithe ar shainchúraim ildisciplíneacha ag an gClinic Cuimhne Réigiúnach.



# Eispéireas, Cáilíocht agus Sábháilteacht an Chuairteora

Tá Ospidéal San Séamas tiomanta i leith cúram atá sábháilte, éifeachtach agus inrochtana a sheachadadh chun na torthaí is fearr a chinntiú dár n-othair. Bíonn an t-othar lárnach i ngach rud a dhéanaimid agus aithnímid an fhreagracht atá againn go léir, mar bhall foirne agus mar fhoireann, don tsábháilteacht chúraim agus don cháilíocht chúraim atá á chur ar fáil againn.



## Lainseáil an JAM Card®

Lainseáil Ospidéal San Séamas an JAM (Just A Minute) Card® i Meán Fómhair 2023. Tugann an JAM Card® bealach éasca do fhoireann an ospidéil daoine ag a bhfuil bacainní cumarsáide agus daoine faoi mhíchumais cheilte a aithint, agus is féidir leis cabhrú le timpeallacht níos ionchuimsithí agus níos duine-lárnaí a chruthú ná mar a bhí riamh inár n-ospidéal.

Tá an comhartha JAM Card® ar taispeáint ar fud an ospidéil ionas go mbeidh na daoine atá ag freastail air ar an eolas gur eagraíocht muid atá báúil le JAM Card®.

Sa phictiúr ó chlé go deas: An tUasal Maria Kane (Ceannasaí an Chúraim Duinebhunaithe), an tUasal Alan Brogan (iar-Pheileadóir Bhaile Átha Cliath), agus an tUasal Aisling Collins (An Príomhoifigeach Oibriúcháin Eatramhach)



## An Grúpa Ionadaíochta Othar

Is fóram é an Grúpa Ionadaíochta Othar (PRG) Ospidéal San Séamas, áit a mbíonn othair agus a dteaghlach ag plé le foireann an ospidéil agus cuireann siad aiseolas agus comhairle ar fáil. Nuair a chuirtear smaointí, dearchtaí agus tuairimí na n-othar agus a dteaghlach le próisis cinnteoireachta an ospidéil, feabhsaíonn cumas an ospidéil chun cúram duinebhunaithe a chur ar fáil. Trí chomhpháirtíocht leis an bhfoireann, cabhraíonn an t-ionadaí othar linn an t-othar agus a t(h)eaghlach a choinneáil mar chroílár ár gcóras sláinte.

### Sonraí

Tháinig an PRG le chéile 11 uair in 2023. Shroich an bhallraíocht 15 comhalta, le ceathrar nuacheaptha agus beirt a d'éirigh as. Bíonn ionadaithe othar mar chomhaltaí den Choiste Stiúrtha um Dheireadh Saoil, an Coiste um Chosc ar Thitimí, an Coiste Moltóireachta do Ghradaim Aitheantais Foirne agus Fochoiste Cáilíochta, Sábháilteachta agus Riosca Bhord an Ospidéil, ar toghadh comhalta nua chuige in 2023. Mar aon leis na cruinnithe ospidéil, d'fhreastail na comhaltaí ar Chomhdháil Othar agus Comhpháirtíochta Poiblí FSS.



## Teachtairacht Sábháilteachta Cógaisíochta

Is uirlis nuálach oideachais é Teachtairacht Sábháilteachta

Cógaisíochta a dearadh do ghairmithe cúraim sláinte, arna fhorbairt ag foireann cliniceoirí ospidéil chun oideas sábháilte cógais a chur chun cinn d'othair. Tá saor-rochtain ar an ábhar seo ar líne mar leabhar meariompaithe digiteach agus foilsítear é go seachtainiúil ar leathanach X, @medsafetymín. Le linn 2023, lean an tionscnamh Teachtairacht Sábháilteachta Cógaisíochta ar aghaidh, agus eisítear 'Nóiméid' nua gach seachtain.

## Príomhghnóthachtálacha PRG in 2023

- ✓ Rinneadh an Straitéis PRG a nuashonrú.
- ✓ Rinneadh Cód Iompair Oibrithe Deonacha PRG a fhorbairt agus a cheadú.
- ✓ Rinne baill teachtaireachtaí físe a thaifeadadh do Chomhdháil Altranais San Séamas.
- ✓ Bhí seastán bolscaireachta PRG ag na baill i halla an ospidéil.
- ✓ Meastóireacht leanúnach ar rannpháirtíocht PRG agus foirne.
- ✓ Rinne na baill cur i láthair ag na Gradaim Aitheantais Foirne.



## An tIonad Náisiúnta um Fhaisnéis Leigheas

Leanann Seirbhís Freagartha Fiosrúcháin Cliniciúil (CEAS) an Ionaid Náisiúnta um Fhaisnéis Leigheas (NMIC) le tacaíocht faisnéise a chur ar fáil d'oidesóirí go náisiúnta. Cabhraíonn an tseirbhís sin le hoideasóirí i mbainistiú othar ag a bhfuil riachtanais chógas-teiripeacha atá ag éirí níos casta acu. In 2023, tháinig 92% de na fiosrúcháin ó chúram príomhúil, bhí gach fiosrúcháin othar-lárnaithe agus bhí na fiosrúcháin is comónta faoi idirghníomhaíochtaí drugaí, rogha teiripe, riarachán drugaí agus dáileog mar aon le frithghníomhartha díobhálacha drugaí.

## Seirbhís Idirghníomhaíochta Drugaí Paxlovid®

Lean an NMIC ag tacú le hoideasóirí cúraim phríomha go náisiúnta le faisnéis maidir leis an teiripe béil nuálach Covid-19, Paxlovid®. Cuireadh 113 fiosrúcháin maidir le hidirghníomhaíochta druga Paxlovid® chun críche in 2023, agus baineadh amach líon foriomlán de 494.

## Eispéireas, Cáilíocht agus Sábháilteacht an Chuaireora (ar léan)



### Pathway to Excellence®

Lainseáladh turas creidiúnaithe Pathway to Excellence® an ospidéil ag Comhdháil Altranais San Séamas i nDeireadh Fómhair 2023. Is ainmniú é Pathway to Excellence® ón American Nurses Credentialing

Centre (ANCC) a aithníonn eagraíochtaí a léiríonn go soiléir tiomantas i dtaobh timpeallacht cleachtais altranais atá dearfach a chruthú agus a chothabháil. Anuas air sin, creidiúnaíonn an ANCC eagraíochtaí cúraim sláinte a chuireann agus a cheadaíonn oideachas altranais leantach. Cuimsíonn Creat do Thimpeallachtaí Cleachtais Dearfacha, Pathway to Excellence® an ANCC na sé chaighdeán atá riachtanach chun timpeallacht chleachtais dhearfach a fhorbairt le haghaidh na foirne altranais.

### Lainseáil na Straitéise Altranais 2023-2026

Ba chloch mhíle shuntasach í 2023 d'fhoireann Altranais San Séamas nuair a thug siad an straitéis altranais a bhí ann roimhe seo i gcrích agus nuair a thosaigh siad ag forbairt agus ag cur chun feidhme straitéis nua do 2023-2026.

Cuimsíonn an straitéis seo, atá ag teacht le spriocanna uileghabhálacha an ospidéil, ár bhfís agus ár dtiomantas coiteann i dtaobh barr feabhais i gcúram d'othair.

Tá an straitéis bunaithe ar cheithre phríomhaidhm:


- ▶ An Lucht Saothair agus an Mhuintir: chun áit oibre shláintiúil a chruthú don fhoireann go léir
- ▶ Sonraí agus Cúrsaí Digiteacha: cúrsaí digiteacha agus sonraí san altranais a chothú agus a bharrfeabhsú
- ▶ An Cúram Comhtháthaithe: an tsláinte dhearfach trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht
- ▶ An Taighde agus an Nuálaíocht: tacaíocht a thabhairt do gach grád altranais maidir le taighde agus nuálaíocht altranais




## Gairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialta SCOPe

Is ionann an Stiúrthóireacht SCOPe HSCP agus fothacar de chúig gairmeacha sláinte agus cúraim sóisialta (HSCPanna) in Ospidéal San Séamas; an Teiripe Uirlabhra agus Theanga (SLT), an Cothúchán Cliniciúil, an Teiripe Shaothair (OT), Seirbhísí Fisiteiripe agus an Obair Shóisialta Leighis.

I ndiaidh sraith d'imeachtaí comhdhearaidh le foireann SCOPe agus páirtithe leasmhara seachtracha, lainseáladh *\*Treochlár SCOPe 2023–2026* in Aibreán, ina leagtar amach fís, misean agus cuspóirí seirbhísí na foirne.



Treochlár Straitéiseach  
SCOPe GSCS 2023–2026



Pictured: Members of the SCOPe HSCP team



# An Bonneagar agus Forbairtí an Champais

Tá forbairt leanúnach champas an ospidéil ríthábhachtach chun forbairt seirbhísí agus seachadadh cúraim eisceachtúil a chinntiú d'othair. Lean an t-ospidéal ar aghaidh leis an bhforbairt seo i rith 2023.



## An tIomháú Diagnóiseach

In 2023 cuireadh i gcrích oibreacha chun an Roinn Ultrafhuaime a athchumrú chun seomraí gnáthaimh ultrafhuaime sa bhreis agus limistéar do théarnamh gach gnáthamh a chur ar fáil sa roinn.

Athchuireadh an seomra fluarascópachta agus an seomra x-ghaithe ginearálta chomh maith le linn 2023.

## Tionscadal Nuamhaisiú an Ghairdín

I Meitheamh, cuireadh fáilte roimh breis is 220 ball foirne ó Irish Distillers chuig an gcampas chun dhá limistéar ag cúl Ospidéal 5 a athchóiriú, ceann de na foirgnimh is sine ar champas an ospidéil agus áit a bhfuil an tAonad um Chúram Néaltraithe, an Clinic GUIDe agus na seirbhísí deirmeolaíochta agus néareolaíochta. Cruthaíodh gairdín folláine don fhoireann, agus ceann amháin do na hothair. Ag an searmanas oscailte oifigiúil i Lúnasa, agus an fhoireann agus othair i láthair, rinne Cathaoirleach an Bhoird, an tUasal Catherine Mullarkey cur síos ar an tionchar dearfach a bhí ag na limistéir ar an ospidéal cheana féin. Ansin, in éineacht le hionadaí ó Irish Distillers, ghearr siad an ribín chun na gairdíní a oscailt go hoifigiúil.



# An Inbhuanaitheacht

Tá spriocanna uailmhianacha ag Ospidéal San Séamas do ghníomhú aeráide faoi 2030. Sáraíonn a spriocanna na haidhmeanna a leagadh síos do chomhlachtaí atá maoinithe go poiblí. Mar an t-ospidéal teagaisc géarmhíochaine is mó in Éirinn, tá San Séamas chun tosaigh mar sholáthraí inbhuanaithe cúraim sláinte, gan cur isteach ar sheachadadh cúraim sláinte.



In 2023, bhain an t-ospidéal amach céimeanna móra suntasacha chun tosaigh ina n-iarrachtaí inbhuanaitheachta. Bunaíodh grúpa stiúrtha chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Inbhuanaitheachta agus um Gníomhú ar son na hAeráide an ospidéil. Leagadh béim athneartaithe ar an mbainistíocht dramhaíola a fheabhsú, go háirithe an dramhaíl chliniciúil a laghdú. Cruthaíodh 'Fóirne Uaine' gníomhacha i roinnt ranna, lena n-áirítear roinn na hobrádlainne, an roinn fisiteiripe, an roinn ionscópachta, an Lárshaotharlann Phaiteolaíochta, agus an ICU. Anuas air sin, tosaigh cúig shaotharlann an próiseas chun an deimhniúchán 'Mo Shaotharlann Uaine' i gcleachtais inbhuanaitheacha a bhaint amach.

Daingníodh maoiniú le haghaidh fomhéadraithe uisce agus idirbhealaigh TF, chun tuairisciú

sonraí fíorama agus monatóireachta deasc a chumasú. Thug an t-ospidéal isteach Plean um Bainistiú Soghluaiseachta dírithe ar iompar inbhuanaithe don fhoireann agus úsáid carranna a laghdú. Chun tacú leis an taisteal gníomhach, tugadh isteach áiseanna páirceála nua feabhsaithe slán do rothair ar fud an champais, agus mhéadaigh an 4 Mhol Rothaíochta Lárnacha agus Ospidéil faoi dhó chun freastal ar an éileamh méadaitheach. Mar chuid den tionscnamh, reáchtáladh flít r-rothar ar bhonn píolótach, a thug an deis don fhoireann iad a úsáid chun dul idir shuíomhanna nó cruinnithe agus chun triail a bhaint as r-rothar sula gceannóidh siad ceann. Faoin scéim ar bhonn píolótach seo, tugadh faoi breis is 1,000 turas laistigh de naoi mí amháin.



# An tOspidéal Digiteach

Leanann Ospidéal San Séamas ag lorg réitigh fhadtéarmacha chun suíomhanna othar cónaitheach agus othar seachtrach a bharrfheabhsú trí theicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú isteach i seirbhísí ospidéil reatha chun seachadadh cúraim a fheabhsú, chun eispéireas na n-othar agus na foirne a fheabhsú agus chun cuidiú le héifeachtúlachtaí oibriúcháin a chruthú.



## An Roinn Faisnéisíochta

Bhí go leor athruithe i Stiúrthóireachta na Faisnéisíochta (IMS) in 2023, lena n-áirítear ceapachán Príomhoifigigh Faisnéise nua, Peter Struthers, a thosaigh leis an ospidéal leathbhealach tríd an mbliain. Ba bhliain í chomh maith le dul chun cinn suntasach don IMS i dtaobh feabhsuithe seirbhíse FT agus struchtúir foirne. Neartaigh na hiarrachtaí sin ár suíomh cibearshlándála, cuireadh barr feabhais ar ár seirbhísí TF, agus bunaíodh bunús láidir do thionscnaimh dhigiteacha amach anseo.

## Feabhsuithe Cibearshlándála

- ▶ Uasghrádú ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine chuig Windows 11.
- ▶ Forbraíodh polasaithe agus nósanna imeachta slándála chun líon na gcuntas ag a bhfuil ceadanna ardaithe acu a theorannú.
- ▶ An t-ascnamh chuig líonra príobháideach fíorúil (VPN) le haghaidh cianrochtana, chun réiteach níos simplí agus níos tapúla le haghaidh oibre hibrideacha a chumasú.
- ▶ Tugadh isteach cibearmhonatóireacht tríú pháirtí chun ár riosca ó ionsaithe tríú pháirtí a laghdú.
- ▶ Ionsamhlúcháin fioscaireachta mhíosúla chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le ríomhphoist fioscaireachta, a laghdaigh ráta baoil fioscaireacht an ospidéil ó 23% go 6%.
- ▶ Tuilleadh ascnaimh úsáideoirí chuig Office 365.
- ▶ Infheistíocht inár lucht saothair trí oiliúint ar na teicneolaíochtaí nua go léir a chur ar fáil.

## Barrfheabhsuithe EPR

- ▶ D'aistrigh bainistiú insline d'othair sheachtracha ó chairt drugaí ar pháipéar go réiteach digiteach laistigh den EPR.
- ▶ Uasghrádú ar an Scór Rabhaidh Luath (EWS) chun teacht leis na Treoracha Náisiúnta a athraíodh.
- ▶ Cuireadh tionscadail feabhsúcháin cáilíochta chomhoibreacha chun críche chun:
  - Barr feabhais a chur ar na próisis measúnaithe agus bainistithe riosca VTE.
  - Inúsáideacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas doiciméadachta a fheabhsú a dtacaíonn le bainistiú sreabháin agus insilte.
  - Na critéir teiripe ceoil agus atreoruithe laistigh den EPR a fhorbairt.
  - Foirmeacha fógra báis a chur ar fáil do theaghlaigh na n-othar éagtha níos tapúla trí dheireadh a chur le húsáid taifead cúraim sláinte ar pháipéar do dhochtúirí a chomhlánaínn na foirmeacha.



Marina Cassidy, Teiripeoir Ceoil



## An Tionscadal Scan ar son Sábháilteachta

Tá Ospidéal San Séamas tiomanta do nuálaíocht i seachadadh cúraim othar den scoth agus tá sé fós tiomanta do shábháilteacht othar agus d'éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú trí infheistíocht i gcórais cheannródaíocha.

Athbhreithnigh an tAontas Eorpach (AE) na rialacha a ghabhann le sábháilteacht agus feidhmíocht feistí leighis, a socraíodh ar dtús sna 1990idí, faoin Acht nua maidir le Feistí Leighis (MDR) 2017. Sainordaíonn na ceanglais nua seo don ospidéal gach feiste leighis (MDanna) a rianú agus a lorg go leictreonach, lena n-áirítear ábhair inchaite so-ionphlandaithe cliniúla a úsáidtear go díreach i gcúram othar.

Chun an ceanglas seo a chomhlíonadh, lainseáil Ospidéal San Séamas an tionscadal Scan ar son Sábháilteachta (S4S) in Aibreán chun córas inrianaitheachta leictreonach, *Procure*, a chur i bhfeidhm chun gach feiste leighis a úsáidtear sna limistéir obrádlainne a rianú, áit a úsáidtear an méid is mó d'fheistí leighis. Dearnadh an tionscadal chun sábháilteacht othar a fheabhsú, chun níos mó ama a chur ar fáil do chúram othar, agus chun éifeachtúlachtaí oibriúcháin a spreagadh.

Mar aon leis sin, déanann an córas bainistiú stoc go huathoibríoch trí *Procure* a chomhtháthú lenár gcóras bainistithe stoc. Gineann an comhtháthú seo anailísíocht shuntasach de réir sonraí, a d'fhéadfadh a úsáid mar mhodh chun faisnéis a fháil le haghaidh cinnteoireachta, chun sábháilteacht othar a fheabhsú agus chun feabhsuithe oibriúcháin agus airgeadais a spreagadh.

Lainseáladh *Procure* beo gan stró i limistéir obrádlainne ar leith i nDeireadh Fómhair 2023. Is é an plean atá ann ná an córas a rolladh amach do na hobraídlanna atá fágtha ar bhonn céimnithe i rith 2024.

### Cuspóir Ospidéal San Séamas

### Torthaí

Cloí le comhlíonadh MDR

- ✓ Rianú uathoibrithe ar dhochtúirí leighis go díreach chuig an othar
- ✓ Feidhm athghairme fíor-ama ar MDanna falsaithe

Éifeachtúlachtaí Oibríochta Feabhsaithe

- ✓ Athshlánú stoic uathoibrithe
- ✓ Laghdú ar an am cliniúil a chaitear ar an slabhra soláthair
- ✓ Costas bunaithe ar ghníomhaíochtaí

Sábháilteacht Othar Feabhsaithe

- ✓ Infheictheacht uathoibrithe na leibhéal stoic (laghdaigh ganntanas stoic)
- ✓ Infheictheacht stoic ar láimh i bhfíor-ama (dáta éaga)

## An tIonad Náisiúnta Téachta

Do Lá Idirnáisiúnta Haemaifilia 2023, lainseáil an tIonad Náisiúnta Téachta in Ospidéal San Séamas an Tairseach d'Othair *Myindici*. Cabhraíonn an tairseach sin le daoine ag a bhfuil neamhoird fola acu chun a sláinte a bhainistiú iad féin trí rochtain a thabhairt dóibh ar phríomhchodanna a dtaifead sláinte leictreonach (EHR) ar acmhainní oideachasúla, agus ar chóras slán teachtaireachta atá comhtháite san EHR.

Sa phictiúr, ó chlé go deas: Edel Richards, Altra Foirne NCC, Niamh Larkin, Altra Ardchleachtóra (ANP) le Haemofilia, an tOllamh Niamh O'Connell, An Comhairleoir Haemaiteolaí agus an Stiúrthóir Náisiúnta Haemofilia, agus Cathy Bergin, Anailíis Sonraí NCC



# Taighde agus Nuálaíocht

Ag Ospidéal San Séamas, bíonn an taighde agus an nuálaíocht lárnach i ngach aon rud a dhéanaimid. Tá fíís againn ceannródaíocht taighde ar a mbeadh tionchar dearfach ar shaoilte ár n-othar agus ár bpobal a bhaint amach. I dteannta lenár gcomhpháirtí acadúil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, táimid tiomanta do thacú le taighde den scoth, le béim láidir ar ár dtorthaí ag aistriú isteach i dtorthaí níos fearr le haghaidh na n-othar.



## Oifig Chlár an Taighde agus na Nuálaíochta

Is tionscnamh comhoibríoch í Oifig an Chlár Taighde agus Nuálaíochta (T&N) idir an t-ospidéal agus an tSaoráid um Thaighde Cliniciúil Wellcome-HRB (CRF). Déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí taighde bunaithe san ospidéal agus oibríonn sé chun tacú le cultúr an taighde ar an gcampas agus é a fheabhsú.


In 2023, fuair an Oifig T&N 418 iarratas comhlánaithe ó 83 roinn éagsúla. As na hiarratais a lean ar aghaidh, rangaíodh 43% mar thaighde agus 57% mar thionscadail feabhsúcháin cáilíochta (QI). Tháinig méadú

18% ar aighneachtaí taighde i gcomparáid le 2022. Is féidir an miondealú ar thaighde agus ar chineálacha QI a fheiceáil i bhfíoracha 1 agus 2 faoi seach.


Tháinig an Grúpa Stiúrtha T&N le chéile trí huair in 2023 chun maoirseacht a dhéanamh ar agus tacú le gníomhaíochtaí Oifig an Chlár T&N, chun ceadú agus maoirseacht taighde a éascú, chun sábháilteacht othar agus ionracas taighde a chinntiú, agus chun an ghníomhaíocht agus an t-aschur taighde a leathnú ar fud an ospidéil.



### Fíor 1: Catagóirí Taighde 2023



### Fíor 2: Catagóirí Feabhsúcháin Cáilíochta





## Trialacha Cliniciúla


Reáchtáiltear trialacha clínicíúla ag Ospidéal San Séamas ag an gCeathrú Taighde Clínicíúil agus ag an Aonad um Thrialacha Clínicíúla Ailse. Tá líon na dtrialacha clínicíúla catagóirithe de réir céime le feiceáil i bhfíor 3, is trialacha chéim 3 a bhformhór, ar staidéir níos mó iad atá deartha chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht na cóireála nua a thástáil i gcoinne an chaighdeáin chúraim reatha.

Bhí 29 triail chlínicíúla cláraithe leis Oifig an Chláir T&N in 2023 ar fud roinnt réimse clínicíúil. Go hiomlán, earcaíodh 51 othar isteach sna trialacha clínicíúla arna n-óstáil sa tSaoráid um Thaighde Clínicíúil in 2023.

## An Straitéis Taighde

Cuireadh i gcrích Straitéis Taighde Ospidéal San Séamas 2023-2028 in 2023. Cuimsíonn an straitéis chuimsitheach seo na disciplíní agus na speisialaithe go léir, agus feidhmíonn sé mar threoir do cheannaireacht agus taighdeoirí an ospidéil araon agus spreagtar gach ball foirne idirghníomhaíocht a dhéanamh le taighde ar mhaithe leis na hothair, leis an bpobal agus leis an bpobal i gcoitinne. Táthar ag súil go bhforbróidh an straitéis in éineacht leis an Straitéis maidir le Campas Eolaíochta Sláinte

Fíor 3: Trialacha Cliniciúla de réir Céime




Acadúla agus go dtabharfaidh sí aghaidh ar éascaitheoirí agus ar bhacainní ar thaighde, ag díriú ar conas aghaidh a thabhairt orthu sin bunaithe ar na cúig thosaíocht straitéiseacha taighde seo a leanas; Tionchar, Daoine, Bonneagar, Rannpháirtíocht Othar agus Cumarsáid.

## An Comhchoiste Eitice Taighde

Leanann Oifig Chláir an Taighde agus na Nuálaíocht ag obair go dlúth le Comhchoiste Eitice Taighde (JREC) Ospidéal San Séamas/ Ospidéal Ollscoile Thamhlachta (TUH). Rinne an Comhchoiste Eitice Taighde athbhreithniú ar an 178 iarratas taighde nua a fuair sé in 2023, rud a chinntigh go mbeadh amlíne athbhreithnithe tosaigh de 60 lá ann. Is féidir líon na n-iarratas de chuid an Chomhchoiste Eitice Taighde atá rangaithe de réir staidéir nua agus leasuithe a fheiceáil i bhfíor 4.

Fíor 4: Iarratais ó Chomhchoiste Eitice Taighde SJH/TUH





Sa ghrianghraf, ó chlé go deas: An Dr Patrick Hayden (Haemaiteolaí Comhairleach), Ingrid Kiernan (Bainisteoir Trialacha Cliniciúla Ailse), Derval Reidy, (Stiúrthóir Cúnta Altranais, Saoráid Taighde Chliniciúil) Anita Stack (Altra Taighde, Saoráid Taighde Chliniciúil), Nicola Gardiner (Príomheolaí Leighis), Michelle Connell (CNM III, Trialacha Cliniciúla Ailse), an Dr Larry Bacon (Haemaiteolaí Comhairleach)

## An Chéad Triail Chliniciúil in Éirinn le haghaidh Teiripe Cille chun Mialóma Iolrach a Chóireáil

I mí Feabhra, seoladh an chéad triail chliniciúil in Éirinn le haghaidh teiripe cille chun mialóma iolrach a chóireáil in Ospidéal San Séamas. Is staidéar domhanda ilionaid é CARTITUDE-5 a bhfuil sé mar aidhm aige éifeachtúlacht agus sábháilteacht CAR-T mar theiripe thosaigh a mheas i ndaoine a ndearnadh diagnóis le déanaí go bhfuil mialóma iolrach orthu. Is cineál neamhchoitianta, doleigheasta ailse fola a thosaíonn sa smior é an mialóma iolrach.

Déantar an staidéar i gcomhar le Saoráid Taighde Cliniciúil Wellcome HRB ag Ospidéal San Séamas, a sholáthraíonn bonneagar speisialaithe, altranais agus tacaíocht chógaíochta taighde. Rinneadh an staidéar seo in Éirinn a bhuí le comhoibriú mór idir Stiúrthóireacht Haemaiteolaíochta, Onclaíochta agus Cúraim Mhaolaithigh (HOPe) an ospidéil, mar aon le foirne leighis, altranais, crióbhitheolaíochta, cógaíochta agus corparáideacha an ospidéil, agus Institiúid Ailse na Tríonóide San Séamas, mar aon leis an tionscal, an Roinn Sláinte, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse.

## Anailís ar Chórais Shochtheicniúla de Bhabhtáí Barda Leighis

Rinne an Dr Barry Kennedy, an Lia Géarmhíochaine, Sharon O'Hara, an Stiúrthóir Cúnta Altranais agus an tOllamh Marie Ward, an tÉascaitheoir Foghlama agus Taighde Córas Sláinte, tionscnamh feabhsúcháin cáilíochta lena mbaineann *Anailís ar Chórais Shochtheicniúla ar Bhabhtáí Barda Leighis*.

Bronnadh Dioplóma i gCáilíocht & Ceannaireacht (RCPI) ar gach ball den fhoireann tionscadail agus chuir a gcuid oibre bonn eolais faoi fheabhsú cleachtais agus foilseachán taighde gaolmhar.

## An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Cáilíochta agus Sábháilteachta

Ghlac foireann na Stiúrthóireachta um Fheabhsú Cáilíochta agus Sábháilteachta (QSID) páirt in go leor comhpháirtíochtaí taighde comhoibríocha le foireann Ospidéal San Séamas agus le grúpaí acadúla seachtracha in 2023, lena n-áirítear:

- ▶ Leanadh leis an tionscadal Rochtain Riosca Eolas (ARK) leis an Ionad ADAPT, ag déanamh anailísíochta sonraí ar chos agus rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte (PCHCAI) chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le patrúin braite agus tarchuir ionfhabhtuithe i dtimpeallacht an ospidéil.
- ▶ Leanadh leis an tionscadal Cúraim Eolasach um Thráma Síceolaíoch (TIC) i gcomhar le Scoil na Sláinte Domhanda, leis an bhfoireann Sláinte Cuimsitheach, agus leis an gCeannaire Cliniciúil um Insamhladh in Ospidéal San Séamas. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo prionsabail TIC a thabhairt isteach i gcóireáil agus i gcúram othar leochaileacha trí oiliúint ionsamhlaithe. Chríochnaigh breis is 170 ball foirne an oiliúint, d'oibrigh siad ar fheabhsuithe córais, agus d'fhorbair siad trealamh chun an cur chuige a roinnt go hidirnáisiúnta.
- ▶ Thosaigh beirt mhac léinn PhD ag obair ar chomhtháthú Fachtóirí Daonna agus Teicneolaíochtaí Sláinte Digiteacha san ospidéal trí shocrúcháin a fuair maoiniú ó Scoláireachtaí PhD Ardleibhéil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a cuireadh ar aghaidh i gcomhar leis an Ionad um Chórais Dhaonna Nuálacha i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- ▶ Cuireadh tús le tionscadal ar Eirgeanamaíocht Tosca Daonna (ETD) atá maoinithe ag FSS chun iniúchadh a

dhéanamh ar chur i bhfeidhm eolaíocht Eirgeanamaíochta Tosca Daonna sa chúram sláinte, le fócas ar leith ar phróisis aistrithe clínicíúla agus ar PCHCAI. Rinneadh an tionscadal seo trí shocrúchán taighdeora iardhochtúireachta in Ospidéal San Séamas agus trí chomhoibriú idir FSS, Ospidéal San Séamas, Coláiste na Tríonóide, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn agus Ollscoil na Gaillimhe.

## Taighde & Nuálaíocht Altranais Fianaisebhunaithe

Is gné lárnach de chleachtas altranais iad cleachtas taighde agus nuálaíocht atá bunaithe ar fhianaise, agus is colún lárnach iad i straitéis altranais an ospidéil.

In 2023, tugadh isteach ról nua Taighde & Nuálaíochta, Stiúrthóir Cúnta Altranais um Thaighde & Nuálaíocht Altranais Fianaisebhunaithe, agus ceapadh Julie O'Grady ina ball. Tá an ról seo rithabhachtach chun cultúr taighde atá dian agus ionchuimsitheach a chothú don altranais, ag tabhairt an taighde níos gaire don othar agus ag déanamh dífear dearfach do thorthaí othar le cleachtas fianaisebhunaithe.



Sa phictiúr: Julie O'Grady, Stiúrthóir Cúnta Altranais do Thaighde & Nuálaíocht Altranais Fianaisebhunaithe

Ó mhí Iúil go mí na Nollag, rinneadh roinnt ceardlann, seisiún oideachais agus cur i láthair maidir le próisis taighde a threorú, tionscadail chleachtais

fhianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm agus póstaer a cheapadh do chomhdhálacha altranais go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## An Coiste Rochtana Taighde Altranais

Tá an Coiste Rochtana Taighde Altranais (NRAC) freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas ar thaighde altranais a bhaineann le baill foirne altranais agus cúntóirí cúraim sláinte (HCAs). Tá an próiseas seo mar chuid de chóras ceadaithe ar fud an ospidéil atá faoi mhaoirseacht Oifig an Chláir T&N. In 2023, tháinig an coiste le chéile seacht n-uaire agus cheadaigh sé 24 iarratas.



## Seachtain Dearaidh Ospidéal San Séamas, 2023

Gach bliain, bíonn Seachtain Dearaidh Ospidéal San Séamas á reáchtáil ag an Roinn Fisice Leighis agus Bithinnealtóireachta (MPBE), imeacht ina mbíonn baill foirne ó gach disciplín ar fud an ospidéil ag cur smaointe isteach chun feabhas a chur ar thaithí othar agus/nó foirne san ospidéal. Díríonn na smaointe ar 'dhearadh níos fearr', agus cuirtear gearrliosta de na haighneachtaí le chéile i gcomhar le foirne beaga mac léinn iarchéime dearaidh agus innealtóireachta ó Choláiste Náisiúnta na hEalaíne agus an Dearaidh (NCAD) agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath araon. Oibríonn na foirne seo leis na baill foirne ar feadh cúig lá, ag iarraidh réiteach don fhadhb a cheapadh. Fuarthas aighneachtaí ó níos mó ná 50 ball foirne de chuid an ospidéil.

Chuaigh rogha an bhreithimh chuig Elaine Doyle, Radagrafaí Speisialtóra Chliniciúil in Diaglm agus a foireann deartha as a smaoineamh ar dhearadh chun rochtain ar íomháu CT láimhe a fheabhsú.



Sa ghrianghraf, ó chlé go deas: Elaine Doyle (Raidiógrafaí Speisialtóra Cliniciúil), Andrew Sweeney (TCD MSc Bioengineering), Jessica Igweh (NCAD MSc Dearadh Feistí Leighis)

# Oiliúint agus Oideachas

Tá Ospidéal San Séamas tiomanta i leith cúram atá sábháilte, éifeachtach agus inrochtana a sheachadadh chun na torthaí is fearr a chinntiú dár n-othair. Bíonn an t-othar lárnach i ngach rud a dhéanaimid agus aithnímid an fhreagracht atá againn go léir, mar bhall foirne agus mar fhoireann, don tsábháilteacht chúraim agus don cháilíocht chúraim atá á chur ar fáil againn.



## Ionad Foghlama agus Forbartha

Tá an tIonad Foghlama agus Forbartha (CLD) tiomanta do chabhrú lenár bhfoireann an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a bhaint amach chun barr feabhais a bhaint amach ina ról. Comhoibríonn an tIonad Foghlama agus Forbartha le hinstitiúidí tríú leibhéal ar nós Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Dearbhú fir Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ), agus Comhghuaillíocht na nIonad um Oideachas Altranais agus Cnáimhseachais (CCNME) chun clár foghlama a sheachadadh atá deartha le bheith fianaisebhunaithe, cuimsitheach, ábhartha agus solúbtha, ag teacht le beartais, treoirínte agus reachtaíocht chúram sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

## An Lárionad Foghlama agus Forbartha (CLD) ATHBHREITHNIÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ 2023



**Foghlaim Iarchéime i gcomhar le hInstitiúidí Tríú Leibhéal**

**Infheistíodh  
€540,000**

i dtáillí d'oideachas iarchéime tríú leibhéal

**Laethanta Staidéir**

**Cuireadh 2.657**

lá staidéir íoctha ar fáil do bhaill foirne

**Oiliúint Cliniciúil**

**D'fhreastail 2,550**

ball foirne ar chlár oiliúna cliniciúla

**Oiliúint TF**

**Bhain 2,077**

ball foirne leas as oiliúint TF

**Foghlaim Riachtanach**

**Cuireadh 13,500**

seisiún oiliúna éigeantach i gcrích ar líne, duine le duine nó meascán den dá rud

**Seimineáir Sheachtracha agus Laethanta Staidéir**

**Infheistíodh  
€19000**

chun tacú le baill foirne freastal ar laethanta staidéir/seimineáir náisiúnta agus idirnáisiúnta

**Gearrchúrsaí – Cliniciúil**

**D'fhreastail 256**

bhall foirne ar ghearrchúrsaí arna n-éascú ag foireann CLD.

**Ríomhfhoghlaim**

**Cuireadh 9,020**

clár ríomhfhoghlama i gcrích trí chóras bainistíochta foghlama an ospidéil

**Forbairt Foirne**

**108**

d'fhreastail baill foirne ar sheisiúin faisnéise maidir le scileanna bainistíochta/ceannaireachta/folláine/scileanna cumarsáide/Babhtáí Móra Altranais/laethanta staidéir/Comhdháil Altranais/laethanta staidéir HCA

**Ionduchtú**

**Cuireadh fáilte roimh 805**

bhall foirne nua chuig San Séamas in 2023

## Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil

Cuireann Institiúid Mercer um Aosú Rathúil (MISA) cláir foghlama éagsúla, cúrsaí deimhnithe, agus oiliúint chliniciúil ar fáil do dhochtúirí, altraí, agus gairmithe cúraim sláinte gaolmhara, amhail: Cúrsa Bunúsach in Altranais Geirinteolaíochta, Cúrsa Deimhnithe i dTitim agus Neamhoird Ghaolmhara, Clár Feasachta LADTI+, Clár Náisiúnta Oideachais Leochaileachta agus Lá Staidéir Altranais maidir le Stróc.


## Oiliúint Eolaithe Leighis agus Cliniciúla

Tá an tsaotharlann tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) na foirne, lena n-áirítear athbhreithnithe oiliúna leanúnacha agus measúnuithe inniúlachta, agus cuireann siad seo go léir le cúram ardchaighdeán a sholáthar d'othair. In 2023, chuir an tsaotharlann treoir iniúchóireachta nua (Tagairt QF-GEN-0106) i bhfeidhm chun éifeachtacht na hoiliúna agus an oideachais a mheas.

## Íomháú diagnóiseach

Is feidhm ríthábhachtach de chuid na Stiúrthóireachta Íomháithe Diagnóiseach (Diaglm) é oiliúint agus oideachas a sholáthar. I measc na gclár oiliúna a rinneadh in 2023 bhí:

- ▶ Clár oiliúna do chlárathoirí raideolaíochta speisialaithe, mar aon le hoiliúint chliniciúil leanúnach do mhic léinn radagrafaíochta fochéime agus iarchéime.
- ▶ Chuir radagrafaithe in Ospidéal Naomh Séamas an clár MSc san Íomháú Leighis (Leigheas Núicléach) i gcrích go rathúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- ▶ Lean Diaglm ar aghaidh ag tacú le socrúcháin chliniciúla don chlár MSc i Radagrafaíocht Dhiagnóiseach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a bunaíodh ag foireann radagrafaíochta i Stiúrthóireacht Diaglm in 2019.



In 2023, d'éascaigh Grúpa Oideachais Radagrafaithe San Séamas na cúrsaí scileanna seo a leanas:

- ▶ Cosaint Radaíochta do Chleachtóirí Leighis Neamh-Raideolaíochta agus do Phearsanra Ospidéil.
- ▶ Oiliúint scileanna IV do radagrafaithe.

## Oideachas d'Altraí

### Clár Altranais Fochéime

In 2023, thug breis is 300 mac léinn altranais fochéime faoi shocrúcháin chleachtais i 41 réimse cliniciúil ar fud an ospidéil. Bunaíodh Timpeallacht Foghlama Cliniciúil nua leis an bhfoireann ildisciplíneach Sláinte Ionchuimsitheach. Ina theannta sin, thosaigh 81 mac léinn altranais sa chéad bhliain ar a gcéad socrúcháin chleachtais i mí an Mhárta 2023.

### Clár Oiriúnaithe Altraí

Earcaíodh, oiriúnaíodh agus tacaíodh le breis is 240 altra a raibh oideachas idirnáisiúnta acu trí Chlár Oiriúnaithe an ospidéil.

### Oideachasóir Altraí Tacaíochta Cliniciúla

Earcaíodh altraí tacaíochta cliniciúla in 2023 chun tacú le hoideachas agus oiliúint cúntóirí cúram sláinte dá bhforbairt ghairmiúil. Thacaigh an t-altra tacaíochta cliniciúla leis an Ionad Foghlama agus Forbartha maidir leis na hinniúlachtaí praiticiúla atá i gcomhréir leis an gClár do Chúntóirí Cúraim Sláinte, Leibhéal 5 DCCÉ/BOO a chur chun cinn.

# Daoine

Ag deireadh 2023, bhí 5,430 fostaí san ospidéal, as 94 tír éagsúil. Tugadh tús áite fós do ghníomhaíocht earcaíochta in 2023, agus ceapadh fostaithe nua trí fheachtais earcaíochta, laethanta oscailte, turais earcaíochta thar lear, iarratais dhíreacha agus aontaí earcaíochta. Cheap an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna stiúrthóir nua, Fiona Curneen, in 2023.



## Seirbhísí AD

I Márta 2023, cuireadh an Conradh nua do Chomhairligh Phoiblí Amháin i bhfeidhm de réir threoracha an Aire Sláinte. Faoi dheireadh na bliana, bhí an conradh nua glactha ag 62% de chomhairligh, lena n-áirítear ceapacháin reatha agus nua araon.

- ▶ 16 chomhairleach buan ceaptha: 15 phost nua agus 1 post amháin athsholáthair.
- ▶ Cuireadh dhá bhabhta dámhachtainí pá i bhfeidhm in 2023 mar chuid den Chomhaontú Pá athchaibidlithe, Ag Dul Ó Neart go Neart.
- ▶ Cruthaíodh 395 post nua in 2023, sin méadú 36% ar 2022.
- ▶ In 2023, ceapadh Oifigeach Idirchaidrimh Athlonnaithe chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'iarrthóirí thar lear le linn a n-aistrithe earcaíochta chuig an ospidéal.

## Gradaim DAISY


Lean Gradaim DAISY (clár aitheantais a tugadh isteach san ospidéal in 2022) ar aghaidh lena bhunchuspóir in 2023 trí mheas a léiriú ar dhaoine aonair bunaithe ar ainmniúcháin ó othair, ó theaghlaigh agus ó chomhoibrithe. Is bealach iontach iad na gradaim seo chun an obair mhaith ar fad a dhéanann ár n-altraí iontacha a cheiliúradh agus spiorad foirne a chothú.

## Gradaim BEE

Seoladh na Gradaim Being Extraordinary Everyday (BEE) in 2023, i dteannta ár nGradaim DAISY, agus bronnar iad chun meas a léiriú ar ár gcúntóirí cúram sláinte (HCAs). Cuirtear ainmniúcháin do Ghradaim BEE isteach ar an mbealach céanna le hainmniúcháin do Ghradaim DAISY.

Is samplaí iad faighteoirí Ghradam BEE de sheirbhís ardchaighdeán agus cúram eisceachtúil d'othair agus dá dteaghlaigh, ag cruthú eispéireas iontach trí fholáine agus cineáltas a chur chun cinn agus iad a bheith níos fearr ná mar a cheaptar a bheith.

Figure 5: Staff Categories



AG TABHAIRT ONÓIR d'ALTRAÍ  
GO hIDIRNÁISIÚNTA I gCUIMHNE  
J. PATRICK BARNES

*Díreach cosúil leis an mbealach nach féidir le nóinín maireachtáil gan beach, bíonn altraí ag brath ar obair foirne den scoth a gcomhghleacaithe HCA agus iad ag tabhairt aire d'othair.*





Sa phictiúr: Bainisteoir Lónadóireachta, Nuala Mc Ardle (an tríú duine ar chlé) le baill d'fhoireann na Saotharlainne Fuilaistriúcháin a bhuaigh duais Fhoireann na Bliana.

## Gradaim Aitheantais Foirne

Is ócáid bhliantúil í Gradam Aitheantais Foirne Ospidéal San Séamas arna reáchtáil i mí na Nollag agus a chuireann béim ar thiomantas ár bhfoirne do chúram othar agus ar an leibhéal ard comhoibrithe idir comhghleacaithe. I mbliana, bronnadh gradaim ar ocht bhfoireann éagsúla agus daoine aonair, thar réimsí cliniciúla agus neamhchliniciúla araon

Bhí deis ag foireann an ospidéil comhghleacaithe a ainmniú do roinnt dámhachtainí éagsúla, lena n-áirítear; Foireann na Bliana, Sár-Ranníocaíocht, Gnóthachtáil Saoil agus Gradaim Sármhaitheasa Seirbhíse agus chuir Coiste Roghnúcháin na buaiteoirí ar ghearrliosta.

Thug Gradam Rogha na nOthar deis d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse baill foirne cliniciúla agus neamhchliniciúla a rinne difríocht dá dtaithe san ospidéal a ainmniú. Bronnadh dhá Ghradam POF chomh maith, mar aitheantas ar obair den scoth agus ar fhorbairt nó ar éacht suntasach a rinne foireann an ospidéil.



Sa ghrianghraf, ó chlé go deas: Comhalta Boird, Hilary Coates ag bronnadh gradam Gnóthachtála Saoil ar Nuala Carty, CNM II (CLD)



Sa phictiúr: POF eatramhach, Noel Gorman (an tríú duine ar chlé) le baill den Roinn Éigeandála MDT a fuair dámhachtain an POF.

# Folláine agus Ealaíona

Lean an tlonad Creative Life i MISA de bheith ag cur ról na cruthaitheachta sa tsláinte chun cinn in 2023, ag léiriú shochair na cruthaitheachta trí ealaín, dealbhóireacht, filíocht, ceol agus drámaíocht don tsláinte choirp agus do shláinte leochaileach.



## Saol Cruthaitheach

Leanann colún Creative Life Institiúid Mercer um Aosú Rathúil (MISA) in Ospidéal San Séamas ar aghaidh ag comhdhearadh, ag forbairt agus ag bainistiú creat comhtháite, clár ealaíon agus sláinte agus teiripe cheoil ina measc. Forbraíodh cláir oideachais freisin chun foghlaim chomhroinnte a chomhtháthú tuilleadh ag crosbhealaí na n-ealaíon agus na sláinte. Cuireann Creative Life buntáistí na cruthaitheachta chun cinn do dhaoine scothaosta agus do dhaoine ar fud an tsaoil. Tarlaíonn na tionscnaimh nuálacha seo, atá bunaithe ar na dea-chleachtais idirnáisiúnta, ag crosbhóthar ár n-ospidéal agus an phobail.

## Lá Fhéile Séamas

Déantar féile Naomh Séamas a cheiliúradh ar an 25 Iúil, agus gach bliain tugann foireann Ospidéal San Séamas aitheantas don lá sin le seachtain ceiliúrtha, ar a dtugtar Seachtain San Séamas. Ar Lá Fhéile Séamas 2023, reáchtáladh imeacht lasmuigh inar iarradh ar othair, ar bhaill a dteaghlaigh agus ar fhoireann an ospidéil a gcuid machnaimh faoi Ospidéal San Séamas agus a bhfuil i gceist leis dóibh a chomhroinnt.



# Éachtaí agus Gradaim

Fuair Ospidéal San Séamas go leor éachtaí agus gradam suntasacha in 2023, agus tá cuid acu leagtha amach thíos.

## Gradaim Eiseamláireacha VTE Thrombosis Ireland

Ba é tionscadal feabhsúcháin cáilíochta Ospidéal San Séamas chun próisis mheasúnaithe agus bainistíochta riosca tromboembólacht fhéitheach (VTE) a bharrfheabhsú trí úsáid a bhaint as réiteach taifead leictreonach othar (EPR) saincheaptha inti a bhain amach an *Gradam don Fheabhsú Cáilíochta is Fearr ar VTE in Ospidéal Ginearálta* i nGradaim Eiseamláire VTE Thrombosis Ireland 2023.

## Gradaim Thionscnaimh Thomas Mitchell

### Ag aithint éachtaí urghnácha sa chúram sláinte

Reáchtáil an t-ospidéal searmanas tosaigh Ghradaim Thomas Mitchell i mí na Bealtaine. Tugann na gradaim seo aitheantas do ghnóthachtálacha neamhghnácha i gcúram sláinte, taighde agus nuálaíocht, agus bronnar iad gach bliain ar dhaoine a dhéanann obair shuntasach maidir le bunchuspóir Ospidéal San Séamas.

Thug an t-iar-Thaoiseach Enda Kennedy an réamhrá ag an searmanas, ag tabhairt aitheantais do shaol agus do ghnóthachtálacha an Ollaimh Thomas Mitchell, iar-Phrópast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. In 2019, athainmníodh an tIonad um Íomháu Leighis Ardleibhéil (CAMI) ina onóir go hIonad Thomas Mitchell um Íomháu Leighis Ardleibhéil.

Bunaíodh agus bronnadh na gradaim den chéad uair in 2020. Mar gheall ar Covid-19, áfach, cuireadh na searmanais bhronnta ar athló. Mar thoradh air sin, bronnadh gradaim ar bhuaiteoirí ó 2020, 2021, agus 2022 ag searmanas tionscnaimh na bliana seo.

### I measc na ndaoine a fuair gradaim in 2020 bhí na daoine seo a leanas:

an tOllamh James Bernard Walsh agus an tOllamh David Coakley nach maireann, a fuair aitheantas beirt as a gcuid seirbhísí don gheirinteolaíocht agus as Institiúid Mercer um Aosú Rathúil a fhorbairt.

### I measc na ndaoine a fuair gradaim in 2021 bhí na daoine seo a leanas:

An tOllamh Fiona Mulcahy, a aithníodh as a seirbhísí do ghalair thógálacha, agus a cuid oibre sa chlinic sláinte ghnéis, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STI) agus VEID is mó in Éirinn.

Tugadh aitheantas don Ollamh Tony Holohan agus d'Ospidéal San Séamas as a bhfreagairt don phaindéim Covid-19. Cuimhneofar ar an Ollamh Holohan mar an Príomh-Oifigeach Leighis, a bhí i gceannas ar mhuintir na hÉireann le linn na paindéime. Bronnadh gradam ar Ospidéal San Séamas freisin as a fhreagairt ar fud an ospidéil don phaindéim.

### Dámhachtaí 2022

Tugadh aitheantas don Ollamh Alan Irvine as a sheirbhísí don deirmeolaíocht.


## Fracture Liaison Service

In 2023 the hospital's Fracture Liaison Service (FLS) was awarded with a bronze rating for FLS Best Practice, following evaluation by the International Osteoporosis Foundation's 'Capture the Fracture®' (CTF) Governance. The CTF Governance evaluates the service from both administrative and clinical perspectives which is determined based on five quality domains; hip, vertebral, inpatient, outpatient and organisational characteristics.

Sa phictiúr: Gradaim Thomas Mitchell, leis an Ollamh Thomas Mitchell (sa lár ar dheis) agus leis an Ollamh James Meaney, Radaeolaí Comhairleach (i bhfad ar chlé)



# Athbhreithniú Airgeadais



B'ionann an leithdháileadh ó FSS agus €578.14m in 2023 (2022: €528.88m). Bhí costais phá de €413.13m (2022:) san áireamh sa chaiteachas comhlán don bhliain. €384.14m) agus caiteachas neamhphá de €254.63m (2022: €215.97m). Ba é €73.52m an t-ioncam don bhliain (2022: €69.11m). Mar thoradh ar na Ráitis Airgeadais don tréimhse tuairiscithe ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, bhí easnamh €16.10m ann. Seasann an t-easnamh deiridh ag deireadh na bliana 2023 ag €15.79m (2022: barrachas €0.31m).

Bliain eile a bhí dúshlánach don ospidéal ó thaobh airgeadais de ab ea 2023, rud a d'fhág go raibh méadú ar chaiteachas mar gheall ar roinnt fachtóirí nach raibh smacht aige orthu, lena n-áirítear;

- ▶ Boilsciú
- ▶ Riachtanas maidir le hacmhainn ospidéil phríobháidigh
- ▶ Gníomhaíocht mhéadaithe i réimsí áirithe ar chostas ard
- ▶ Costais Covid-19

Trí fhorbairt a dhéanamh ar shonraí agus anailísíocht ABF, cuirfear léargas agus trédhearcacht bhreise ar fáil maidir le húsáid choibhneasta costais agus maoiniú, chun leithdháileadh agus úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní a spreagadh sna blianta amach romhainn, i gcomhréir le prionsabail Sláintecare.

## Próiseáil

### Cuntais Iníoctha sonraisc phróiseáilte

**54,000**

### Cuntais Infhála sonraisc phróiseáilte

**6,000**

### Párollaí désheachtainiúla próiseáilte (7,000 ball foirne/scor)

**Tacaíodh le 26**

### úsáideoir córais SAP ar fud an ospidéil

